Coimisiún na Meán

# Fuaim & Fís 4
# Babhta 58

# Treoir d'Iarratais Teilifíse

Dáta Foilsithe:
16 Deireadh Fómhair 2025

Spriocdháta:
27 Samhain 2025 ag 12 meánlae

**Clár**


**1. Réamhrá** **1**

1.1 Cad atá Nua 2

**2. Chun iarratas a dhéanamh** **3**

2.1 Iarratas a chur isteach: 3
2.2 Clárú: 3
2.4 Deimhniú Faisnéise: 5
2.5 Spriocdháta: 5
2.6 Faisnéis Rúnda: 5
2.7. Saoráil Faisnéise: 5
2.8. Cosaint Sonraí: 5
2.9. Coinbhleachtaí Leasa 6
2.10. Maoiniú Cúnaimh Stáit 6
2.11. An tAcht um Thús Áite do Leanaí 6
2.12 Ionadaíochtaí agus Barántais 6
2.13 Foireann Léiriúcháin 6

**3. Nósanna Imeachta Measúnaithe** **7**

3.1 Céim an Réamhmheastóireachta 7
3.2 Céim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil 15
3.3 Céim an Mheasúnaithe Straitéisigh 15
3.4 Daingniú 16
3.5 Próiseas Cinnteoireachta 16
3.6 Cinntí Maoinithe 17
3.7 Conraitheoireacht 17
3.8 Séanadh 18

**4. Foirm Iarratais** **19**

4.1 Sonraíocht an Chláir 20
4.2 Buiséad 20
4.3 Buiséad Mionsonraithe agus Nótaí Buiséid 22
4.4 Plean Airgeadais 23
4.5 Litir Tiomantais ó Chraoltóir 23
4.6 Deimhniú Tiomantais ó Mhaoinitheoirí Eile / Deimhniú go bhfuil maoiniú eile daingnithe 24
4.7 Beathaisnéisí agus Deimhniú Tiomantais ó Phríomhphearsanra 25
4.8 Daoine Cruthaitheacha Lárnacha / Rannpháirtithe Lárnacha 25
4.9 Cláracha Faisnéise, Oideachais nó Siamsaíochta: Oird Reatha Tháscacha 26
4.10 Formáid Dramaíochta: Scriptanna agus Imlínte 26
4.11 Formáid Bheochaine: Saothar Ealaíne, Ábhar Closamhairc, Scripteanna & Imlínte 26
4.12 Ábhar Tacaíochta Closamhairc 26
4.13 An Prionsabal ‘Pictiúrlann ar dTús’ 26
4.14 An Prionsabal ‘Digiteach ar dTús’ 27
4.15 Intleacht Shaorga 27
4.16 Inbhuanaitheacht: Áirimh Charbóin 27

**Aguisín 1 – Maitrís Scórála Réamhmheastóireachta** **28**

**Aguisín 2 – Maitrís Scórála Cáilíochtúil** **29**

**Aguisín 3 – Maitrís Scórála Straitéiseach** **31**

## 1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán (An Coimisiún) an ghníomhaireacht in Éirinn a fhorbraíonn agus a rialaíonn tírdhreach na meán atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa. Riarann An Coimisiún Scéim Fuaim and Fís 4 faoin Chiste Craolacháin, de réir fhorálacha An tAcht Craolacháin 2009 (arna leasú). Is féidir cóip den scéim a fháil anseo.

Is scéim mhaoinithe craoltóireachta é Fuaim & Fís 4 a thacaíonn le léiritheoirí neamhspleácha agus le craoltóirí chun cláir ar ardchaighdeán agus inrochtana a chruthú, a léiríonn cultúr, stair, teanga agus éagsúlacht na hÉireann. Maoiníonn an scéim ábhar do sheirbhísí teilifíse agus raidió náisiúnta, áitiúla agus pobail, ag cinntiú tírdhreach saibhir meán atá ionadaíoch don tsochaí.

Maoinítear Scéim Fuaim & Fís 4 (an "Scéim") go príomha ón gCiste Craolacháin, comhdhéanta de 7% de na glanfháltais bhliantúla ó tháillí ceadúnais teilifíse.

**Ní mór gach iarratas a chur isteach trí www.cnamonline.ie roimh mheán lae, Déardaoin 27 Samhain 2025**.

Is é cuspóir an doiciméid seo ("an Treoir") ná treoir a sholáthar d'iarratasóirí agus d'iarratasóirí ionchasacha Fuaim & Fís 4 ("an Scéim") faoi cé atá in ann cur isteach ar mhaoiniú, cad is féidir a mhaoiniú faoin Scéim, agus conas iarratas a chruthú agus a chur isteach chun maoiniú a fháil. Tá faisnéis ann freisin faoin bpróiseas measúnaithe, faoi fhógra a thabhairt maidir le cinntí maoinithe agus faoi na chéad chéimeanna eile i gcás iarratasóirí rathúla.

Ba cheart do gach iarratasóir ar chláir Raidió an Treoir d'Iarratais seo ("Treoir") a léamh roimh fhoirm iarratais oifigiúil a chomhlánú agus í a chur isteach ar www.cnamonline.ie.

Is féidir an fhoirm iarratais Teilifíse don bhabhta seo a íoslódáil anseo. Tá iarratasóirí freagrach as a chinntiú go bhfuil an leagan reatha den Treoir agus an fhoirm iarratais á úsáid acu.

## 1.1 Cad atá Nua

Ba mhaith linn d'aird a dhíriú ar roinnt de na hathruithe a rinneadh ar an Treoir seo ó bhabhta maoinithe roimhe seo. Tabhair faoi deara nach liosta uile chuimsitheach é seo de na leasuithe go léir, agus ba chóir d'iarratasóirí leanúint de bheith ag léamh na Treorach ina hiomláine.

- **2.13** Barántais & Ionadaíochtaí
- **2.14** Foireann Léiriúcháin lena n-áirítear Treoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim
- **3.1.4** Cláir Oideachais, Litearthachta Aosach & Litearthachta Meán+
- **4.2** Buiséid, Teimpléid Excel
- **4.3** Buiséad Mionsonraithe & Nótaí Buiséid
- **4.9** Cláracha Faisnéise, Oideachais nó Siamsaíochta: Orduithe Reatha Táscacha
- **4.10** Formáid Drámaíochta: Scripteanna agus Imlínte
- **4.11** Formáid Bheochaine: Saothar Ealaíne, Ábhar Closamhairc, Scripteanna agus Imlínte
- **4.14** Intleacht Shaorga (AI)
- **4.15** Inbhuanaitheacht: Áireamháin Charbóin

## 2. Chun iarratas a dhéanamh

**Caithfidh tú logáil isteach ar [www.cnamonline.ie](http://www.cnamonline.ie) chun úsáid a bhaint ar na naisc thíos luaite.**

### 2.1 Iarratas a chur isteach:

Ní mór gach iarratas a chur isteach trí láithreán gréasáin iarratais ar líne www.cnamonline.ie.

Ní mór iarratais atá comhlánaithe go hiomlán a chur isteach ar www.cnamonline.ie faoin 12 meán ar an spriocdháta. Ní mór d'iarratasóirí a bheith cláraithe ar an suíomh sular féidir leo iarratas a chur isteach.

Ní fhéadfar iarratais a chur isteach ach amháin nuair a bheidh Babhta maoinithe ar oscailt. Beidh gach Babhta maoinithe ar oscailt ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta foilsithe. Déanfar iarratais neamhiomlána a dhícháiliú. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Choimisiúin maidir leis sin.

Ba chóir d'iarratasóirí úsáid a bhaint as an teimpléad 'Foirm Iarratais Teilifíse do Bhabhta 58' (an "Fhoirm Iarratais Teilifíse") amháin. **D'fhéadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar mheasúnú do thionscadail.**

### 2.2 Clárú:

Ní mór d'aon duine ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an Scéim a bheith cláraithe mar Iarratasóir má ar a son fhein nó ar son craoltóra ar www.cnamonline.ie.

**Ní mór d'iarratasóirí ionchasacha clárú a iarraidh tráth nach déanaí ná 2 lá oibre sula gcuirtear deireadh le babhta maoinithe.**

Is é an conraitheoir an eintiteas a rachaidh i gconradh le An Coimisiún agus a gheobhaidh an maoiniú má éiríonn leis. Chomh maith leis sin ní mór don eintiteas a rachadh i mbun conraitheoirachta leis an gCoimisiún sa chás go tairscítear maoiniú a bheith cláraithe mar '**Conraitheoir'** ar an gcóras ar líne.

**Ní mór do Chonraitheoirí ionchasacha clárú a iarraidh tráth nach déanaí ná 2 lá oibre sula gcuirtear deireadh le babhta maoinithe.** Is féidir a dheimhniú go bhfuil tú cláraithe anseo.

Má tá aon cheisteanna maidir le hiarratas a chur isteach déan teagmháil le An Coimisiún ag sv4@cnam.ie chun cabhair a fháil.

## 2.3 Seicliosta d'iarratais:

Ba cheart d'iarratasóirí bheith ábalta freagra dearfach a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas le bheith incháilithe d'iarratas a dhéanamh i gcomhair maoinithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Tá mé cláraithe le www.cnamonline.ie | Tá/Níl |
| 2 | Táim tar éis a chinntiú go bhfuil an Conraitheoir do mo chlár, i.e. an t-eintiteas a mbronnfar maoiniú air má éiríonn leis, cláraithe ar www.cnamonline.ie freisin. | Tá / Níl |
| 3 | Tá an Scéim S&V4 agus an Treoir S&V4 reatha (Babhta 58) Treoir d'Iarratais Teilifíse léite agus dearbhaím go dtagann an tionscadal le cuspóirí an bhabhta. | Tá/Níl |
| 4 | Déanfaidh mé teimpléad na foirme iarratais a chomhlánú agus é a shábháil mar aon **PDF amháin** sula n-uaslódálfaidh mé an doiciméad seo ar www.cnamonline.ie_.<br><br>Tá gach litir dheimhniúcháin nó comhaontú riachtanach ó thríú páirtithe san áireamh laistigh den iarratas agus tá an fhaisnéis uilig inléite.<br><br>Níl aon naisc sheachtracha chuig cáipéisí sa bhfoirm. Ach amháin sa chás gur ábhar beochana atá i gceist.<br><br>Má tá tú ag baint úsáid as an **Teimpléad Excel** ceangail le do thaifead iarratais é freisin.<br><br>Táim cinnte go ndéanfar aon ábhar rúnda a shábháil i gceangaltán ar leith agus a uaslódáil le mo thaifead iarratais ar www.cnamonline.ie mar **cháipéis PDF amháin**. Má tá cabhair ag teastáil le seo, is féidir dul i dteagmháil linn ag sv@cnam.ie | Tá/Níl |
| 5 | Tá mé chun a chinntiú nach bhfuil aon víreas ríomhaireachta sa cháipéis seo sula n-uaslódálaim ar www.cnamonline.ie í. | Tá/Níl |
| 6 | Tá mo iarratas curtha isteach de réir Alt 4.2 agus Alt 4.3 tá an méid seo a leanas san áireamh ann:<br><br>• Teimpléad Buiséid chomhlánaithe de chuid An Choimisiúin (sa Fhoirm Iarratais nó mar Teimpléid Excel), agus<br>• Buiséid iomlán mionsonraithe | Tá / Níl |
| 7 | Tá na réimsí éigeantacha ar fad ar an gcuid den fhoirm iarratais atá ar líne comhlánaithe agam ar www.cnamonline.ie | Tá/Níl |
| 8 | Tá mo thionscadal beartaithe réidh le léiriú agus tá cearta cuí agam le seo a chur i gcríoch. | Tá/Níl |
| 9 | Níl tús curtha go fóill le léiriú an togra atá beartaithe agam | Tá/Níl |
| 10 | Tá mo thionscadal beartaithe nua. | Tá/Níl |
| 11 | Ní Nuacht nó Cúrsaí Reatha atá i gceist le mo thionscadal beartaithe. | |
| 12 | Níl mé ag lorg níos mó ná **€500k** maoinaithe ón gCoimisiún. | Tá/Níl |
| 13 | Tá formhór an airgid eile a theastaíonn chun an tionscadal seo a léiriú deimhnithe agus tá sé seo le feiceáil i m'iarratas (féach cuid 4.6 den Treoir d'Iarratasóirí chun eolas a fháil i dtaca leis seo). | |
| 14 | Tá litir ghealltanais le dáta le déanaí curtha ar fáil ag craoltóir incháilithe leis an togra seo. Nó mar sin is togra teilifíse drámaíochta nó beochan atá i gceist agus tá níos lú ná 50% den maoiniú á lorg agat ón gCoimisiún. | Tá/Níl |
| 15 | Má tá Páistí nó daoine fásta leochaileacha i gceist i mo thionscadal, tá sé dearbhaithe agam ar mo thaifead iarratais cnamonline agus tá eolas tugtha agam faoi na nósanna imeachta agus na prótacail chosanta a bheidh i bhfeidhm. | Tá/Níl |
| 16 | Tá gá le haon sonraí pearsanta atá san iarratas seo | Tá/Níl |
| Nuair a chuireann tú "Tá" le 1-16 tá tú réidh le d'iarratas a chur isteach via www.cnamonline.ie | | |

## 2.4 Deimhniú Faisnéise:

Ní mór go mbeidh aon fhaisnéis a luaitear mar chuid den iarratas bheith cruinn agus fíor.

## 2.5 Spriocdháta:

Ní mór gach iarratas agus aon cheangaltáin ábharta a chur isteach trí www.cnamonline.ie faoi 12 meánlae 27 Samhain 2025.

**Ní féidir leis an gCoimisiún glacadh le haon doiciméad ná eolas faoin togra tar éis spriocdháta an bhabhta.**

## 2.6 Faisnéis Rúnda:

Ba cheart aon fhaisnéis a mheasfaidh iarratasóir a bheith faoi rún a uaslódáil mar cheangaltán ar leithligh leis an iarratas sa chuid dar teideal Ábhar faoi Rún ar thaifead iarratais www.cnamonline.ie. Déanfaidh An Coimisiún cinnte de go láimhseáiltear an fhaisnéis seo ar bhealach iomchuí le linn agus i ndiaidh an phróisis iarratais. Ná cuir aon naisc sheachtracha san áireamh leis an doiciméadacht. Mura bhfuil tú in ann an doiciméad seo a cheangal le d'iarratas ar cnamonline, déan teagmháil le sv4@cnam.ie chun cúnamh a fháil go maith roimh dhúnadh an Bhabhta.

## 2.7. Saoráil Faisnéise:

Déanfar gach uile iarracht faisnéis a fhaightear mar fhreagra ar an bpróiseas seo a choinneáil faoi rún, i gcomhréir le ceanglais dlí An Coimisiún lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Iarrtar ar iarratasóirí agus ar chonraitheoirí a machnamh a dhéanamh faoinar cheart d'aon fhaisnéis a sholáthraítear chuig An Coimisiún bheith nochtaithe ar chor ar bith de bhrí ar a bhfuil ráite san fhaisnéis. Chomh maith leis sin, iarrtar orthu a lua cén fhaisnéis atá i gceist, más ann di, agus na cúiseanna a bhaineann leis an ngá rúndachta. Rachaidh An Coimisiún i mbun comhairle le hiarratasóirí i dtaca le haon fhaisnéis rúnda, phearsanta nó tráchtála a d'fhéadfadh bheith íogair sula ndéanfar aon chinneadh faoi fhaisnéis a scaoileadh faoi théarmaí an Achta um Shaoráil Faisnéise. Scaoilfí faisnéis dá leithéid mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## 2.8. Cosaint Sonraí:

D'fhonn an tionscnamh maoinithe seo a rith ar bhealach éifeachtach, iarrfaimid sonraí a bhaineann leis an t-iarratasóir agus sonraí beachta i dtaca leis an tionscnamh molta. Cuimsítear anseo, sonraí agus cáipéisíocht ina luaitear sonraí pearsanta amhail teidil phoist, tuarastail agus seoltaí ríomhphoist.

Comhlíonfaidh An Coimisiún a ndualgais faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe nó rialacháin príobháideachais iomchuí a bhaineann le sonraí agus é ag láimhseáil nó ag próiseáil aon fhaisnéis phearsanta a fhaightear le linn an phróisis mhaoinithe seo.

Úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear le hiarratais, le n-áirítear faisnéis phearsanta chun an t-iarratas a chur ar aghaidh agus chun dul i dtéagmháil leis an iarratasóir. Ní choinneofar na sonraí pearsanta a chuirtear leis na hiarratais ach amháin sa chás go n-éiríonn leis an iarratas. Bheadh na sonraí seo de dhíth d'fhonn an conradh maoinithe a eisiúint agus d'aon mheasúnú a dhéanfaí ar fheidhmíocht maidir leis an deontas

agus aon torthaí gaolmhara. D'fhéadfaí na sonraí a úsáid ar mhaithe le hachomhairc a dhéanamh ar an tionscnamh maoinithe féin agus d'fhéadaí na sonraí bheith úsáidte ag taighdeoirí seachtracha. Scriosfaí aon sonraí pearsanta ar fhoirmeacha srl. sna cásanna sin.

Tá An Coimisiún tiomanta do chosaint a dhéanamh ar na sonraí pearsanta go léir a sholáthraítear mar fhreagra ar an nglaoch iarratais i leith an bheartais mhaoinithe seo. Tá Oifigeach do Chosaint Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún cheana agus tá an t-oifigeach seo cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcaoi a dhéantar próiseáil ar shonraí pearsanta ar fáil anseo.

## 2.9. Coinbhleachtaí Leasa

Ní mór don Choimisiún an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí (1995) agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (2001) a chomhlíonadh. I dtaca leis sin, más rud é gur iarratasóir thú, agus má fhaigheann tú amach faoi chúinsí a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú maidir le d'iarratas, ní mór duit An Coimisiún a chur ar an eolas go pras faoi na cúinsí sin.

## 2.10. Maoiniú Cúnaimh Stáit

Má thairgtear maoiniú níos mó ná €100,000 do Chonraitheoir ní mór don Choimisiún sonraí na dtairiscintí sin a chur isteach laistigh de shé mhí lena bhfoilsiú ar Mhodúl um Chúnamh Trédhearcachta (TAM) an AE. Tá sé seo chun cloí le Rialachán (AE) Uimh. 2023/1315 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2023, lena leasaítear Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine Uimh. 651/2014.

## 2.11. An tAcht um Thús Áite do Leanaí

Mar chomhlacht poiblí, tá oibleagáidí ar an gCoimisiún faoin Acht um Thús Áite do Leanaí (2015). Sa chás go bhfuil an Coimisiún ag maoiniú tionscadal nó gníomhaíochta a bhaineann le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha, tá dualgas ar an gCoimisiún agus ar an gconraitheoir forálacha an Achta a chomhlíonadh. Má bhaineann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha, ba chóir é seo a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais. Tabhair faoi deara, le do thoil, mar choinníoll maoinithe go n-iarrfar ort cóip de do Bheartas um Chaomhnú Leanaí/Bheartas um Chosaint Aosach Soghonta a sholáthar agus dearbhú a thabhairt go bhfuil do thionscadal ag feidhmiú de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí. Is féidir doiciméad Treorach Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí a fháil anseo.

## 2.12 Ionadaíochtaí agus Barántais

Tá iarratasóirí freagrach go hiomlán as a chinntiú go gcloíonn siad le gach dlí agus rialachán ábhartha in Éirinn.

## 2.13 Foireann Léiriúcháin

Geallann iarratasóirí go mbeidh an fhoireann léiriúcháin a fhostófar chun cláir a mhaoinítear trí Sound & Vision a léiriú inniúil ó thaobh gairmiúil de, agus go gcleachtfaidh siad comhdheiseanna d'iarrthóirí cáilithe go léir agus iad ag fostú na foirne sin. Beidh gach ábhar a bhaineann le fostaíocht, cánachas ioncaim agus/nó ÁSPC – lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Threoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim maidir

le Stádas Fostaíochta chun críocha cánach – i ndáil leis an bhfoireann léiriúcháin a fhostóidh an t-iarratasóir i gcomhair aon chláir, faoi fhreagracht an iarratasóra féin agus ní faoi fhreagracht An Choimisiúin.

## 3. Nósanna Imeachta Measúnaithe

Tá cúpla céim ann sa phróiseas. Beidh measúnú a dhéanamh ar iarratas in aghaidh critéir a aontaíodh cheana féin ag gach uile chéim den phróiseas. Tá na critéir sin ag teacht le reachtaíocht agus le beartais An Choimisiúin. Seo a leanas na céimeanna sa phróiseas:

- Céim réamh-mheastóireachta
- Céim an mheasúnaithe cháilíochtúla
- Céim an mheasúnaithe straitéisigh
- Daingniú

Ionas go mbeidh an próiseas soiléir d'iarratasóirí, seo a leanas briseadh síos beacht ar gach uile chéim den phróiseas iarratais.

### 3.1 Céim an Réamhmheastóireachta

Ní mór d'iarratasóirí roinnt critéir a shásamh sula ndéanfar measúnú orthu i leith maoinithe. Ní mór dóibh bheith incháilithe le hiarratas a dhéanamh agus ní mór iarratas a dhéanamh do thionscnaimh a cheadaítear faoin Scéim agus ní mór maoiniú a iarraidh laistigh de na teorainneacha ceadaithe. Leagtar amach an Creatlach Scórála Cáilithe don chéim seo in Aguisín 1. Mura shásaítear na bunchritéir seo go léir, ní dhéanfar an t-iarratas a mheas tuilleadh. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh An Choimisiúin maidir leis sin.

### 3.1.1 Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú?

Ní foláir ná gur Éireannaigh amháin nó saoránaigh nó cónaitheoirí de chuid an AE iad na daoine aonair. Ní foláir d'aonáin dlí a bheith ionchorpraithe in Éirinn nó san AE.

### 3.1.2 Cad is féidir leis an Scéim a mhaoiniú?

Tá maoiniú ar fáil i gcomhair costais tháirgthe ábhar fuaime nó chlosamhairc nua d'fhormáidí cláir, do sheánraí agus do théamaí áirithe a chraolfaidh craoltóir incháilithe le linn an sceidil buaic-ama de ghnáth.

Ní ghlacfaidh an Scéim ach le hiarratais ar chláir atá réidh le léiriú. Ní ghlacann an scéim le hiarratais ar chláir atá i mbun léirithe cheana féin nó le hiarratais ar chláir ar féidir le lucht féachana catagóiriú a dhéanamh orthu mar chláir nuachta nó cúrsaí reatha.

**Cláir Nua:**
Ní mór gach clár a mhaoinítear a bheith úrnua agus gan tús a bheith curtha leis an léiriúcháin roimh cur isteach ar an scéim. Bheadh An Coimisiún sásta iarratais a bhreithniú maidir le dara clár nó sraith clár. Sa chás seo, ní mór don iarratasóir an méid seo a chur síos san fhoirm iarratais (ar líne agus sa leagan PDF den fhoirm iarratais):

- Ná cúiseanna gur togra 'nua' an togra atá beartaithe a leagan amach; agus
- A thaispeáint go bhfuil an clár bunaidh nó an tsraith bhunaidh agus/nó aon chlár nó sraith ina dhiaidh sin críochnaithe den chuid is mó nuair a chuirtear an t-iarratas isteach. Más rud é go mbronntar maoiniú i bprionsabal ar dhara clár/sraith, caithfear an clár/an tsraith atá ar conradh cheana féin a chur i gcrích agus a sheachadadh chun sástacht An Choimisiúin sula dtabharfar

conradh le haghaidh an dara clár/sraith i gcrích.  Tabhair faoi deara go bhfuil feidhm leis an spriocdháta caighdeánach 12 mhí chun idirbheartaíocht chonartha maidir le dara clár/sraith a thabhairt i gcrích.

### 3.1.3 Cad iad téamaí cláir agus riachtanais teanga na Scéime?

Ní mór déileáil sna cláir le ceann amháin ar a laghad de na téamaí atá leagtha amach thíos agus cuireann An Coimisiún fáilte roimh léirmhínithe leathana, cruthaitheacha ar na téamaí sin.

- Oidhreacht, cultúr agus taithí na hÉireann, ina bhféadfar na téamaí seo a leanas a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh: an stair; foirgnimh stairiúla; an timpeallacht nádúrtha; an daon-oidhreacht, oidhreacht na tuaithe agus an oidhreacht dhúchasach; na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha; an Ghaeilge, agus taithí na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta;
- Litearthacht aosach nó litearthacht ó thaobh na meán a fheabhsú;
- Feasacht agus tuiscint an phobail a chothú faoi shaincheisteanna domhanda a imríonn tionchar ar an Stát agus ar thíortha seachas an Stát; agus
- Aon cheann de na cláir thuasluaite a fhorbairt as Gaeilge.

Tá dearcadh leathan ag an gCoimisiún ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann a chuimsíonn na léirithe comhaimseartha ar fad ar na téamaí sin.  Féadfaidh na cláir a bheith i nGaeilge, i mBéarla, dátheangach (Gaeilge agus Béarla) nó ilteangach. Ní mór 30% ar a laghad den ábhar a bheith i nGaeilge i gcláir dhátheangacha.

### 3.1.4 Cad iad formáid chláir agus riachtanais seánra na Scéime?

Glactar le réimse seánraí agus formáidí teilifíse faoi mar atá leagtha amach sa tábla thíos.  Is é an t-aon chineál cláir nach n-áirítear ná cláir a dhéantar don nuacht agus do chúrsaí reatha nó ar féidir catagóiriú a dhéanamh orthu mar chláir nuachta nó cúrsaí reatha mar gheall ar an ábhar nó an bealach ar caitheadh leis an ábhar.

| | |
|---|---|
| **Formáidí Inghlactha:** | Cláir Faisnéise; Oideachas; Drámaíocht, Beochan agus Siamsaíocht |
| **Seánraí Inghlactha:** | Cláir do Pháistí; Na hEalaíona/An Cultúr; an tSochaí Chomhaimseartha; An Stair/An Oidhreacht; An Eolaíocht/An Dúlra/An Timpeallacht; agus, Litearthacht Aosach/Litearthacht ó thaobh na Meán |
| **Seánraí Eisiata** | Nuacht agus Cúrsaí Reatha |

Ní mór d'iarratasóirí a gclár/cláir bheartaithe a chatagóiriú in aon seánra agus formáid amháin bunaithe ar an maitrís thuas agus a n-iarratas ar líne á dhéanamh acu. Cé go bhféadfadh gnéithe de níos mó ná formáid nó seánra amháin a bheith i gcuid de na cláir ar nós dráma faisnéise, ba cheart d'iarratasóirí an ceann is oiriúnaí a roghnú i gcomhthéacs an chláir iomláin. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht an fhormáid agus an seánra is oiriúnaí a roghnú. Is féidir cláir ghrinn scripte a chur isteach faoin bhformáid Drámaíochta. Moltar d'iarratasóirí a rogha a chur i leith, más gá, i bhur n-iarratas.

Maidir le cláir Formáidithe Oideachais, agus tionscadail sa seánra nó téama Litearthacht sna Meáin nó Litearthacht Aosach tabhair faoi deara le do thoil an mhéid atá thíos. Is féidir tagairt a dhéanadh do seo i gCeist 1 (N) i do Fhoirm Iarratais.

**Tograí Oideachais:** Caithfidh tograí oideachais na torthaí foghlama atá beartaithe don lucht féachana, agus gach gné oideachais ábhartha den togra, a léiriú go soiléir. Beidh na torthaí foghlama ina ngné a ndéanfar measúnú orthu. Ba chóir d'iarratasóirí cur síos a thabhairt ar an gcur chuige maidir le forbairt, seachadadh agus athbhreithniú an togra molta. Caithfidh an cur chuige

maidir le seachadadh an togra an fhoireann atá beartaithe a áireamh, agus na scileanna, an taithí agus an saineolas riachtanach a léiriú chun na torthaí luaite a chur i gcrích, mar aon le haon chomhpháirtíochtaí a bheidh riachtanach chun an togra a sheachadadh.

- **Tograí Litearthachta Aosach:** Caithfidh siad seo a bheith ag teacht le sainmhíniú na litearthachta aosach mar atá leagtha amach i dTacaíocht Scéim Fuaim & Fís 4[1]. agus caithfidh siad freisin na torthaí foghlama atá beartaithe don lucht féachana a léiriú, mar aon le haon eolas ábhartha eile a thacaíonn leis an gcatagóiriú. Déanfar measúnú ar thorthaí litearthachta aosach mar chuid den phróiseas measúnaithe. Ba chóir d'iarratais na torthaí beartaithe a chur in iúl go soiléir, agus cur síos a thabhairt ar an gcur chuige maidir le forbairt, seachadadh agus athbhreithniú an togra molta. Caithfidh an cur chuige maidir le seachadadh an togra an fhoireann atá beartaithe a áireamh, agus na scileanna, an taithí agus an saineolas riachtanach a léiriú chun na torthaí luaite a bhaint amach, mar aon le haon chomhpháirtíochtaí a bheidh riachtanach chun an togra a chur i gcrích.

- **Tograí Litearthachta Meán:** Caithfidh siad seo a bheith ag teacht le Polasaí Litearthachta Meán (ar fáil anseo). Ba chóir d'iarratais na torthaí beartaithe a chur in iúl go soiléir, chomh maith leis an gcur chuige maidir le forbairt, seachadadh agus athbhreithniú an togra molta. Caithfidh an cur chuige maidir le seachadadh an togra an fhoireann atá beartaithe a áireamh, agus na scileanna, an taithí agus an saineolas riachtanach a léiriú chun na torthaí luaite a bhaint amach, mar aon le haon chomhpháirtíochtaí a bheidh riachtanach chun an togra a chur i gcrích. Léireodh dea-chleachtas freisin conas a ndéanfar measúnú ar an togra. Moltar d'iarratasóirí tagairt a dhéanamh do Threoirlínte an Faireachlann Eorpach um Meán Digiteach maidir le Tionscnaimh Éifeachtacha Litearthachta Meán (ar fáil anseo). Ina theannta sin, moltar go láidir d'iarratasóirí dul i dteagmháil le Media Literacy Ireland (MLI) roimh iarratas a dhéanamh. D'fhéadfadh MLI cabhrú le hacmhainní úsáideacha a aithint, léargas a thabhairt ar thírdhreach litearthachta meán in Éirinn, nó an togra a nascadh le heagraíochtaí eile atá ag obair i réimsí cosúla.

Féadfaidh d'iarratas na nithe seo a leanas a áireamh, mar aon le haon ghnéithe ábhartha eile is mian leat a chlúdach:

- Forbairt: tabhair léargas ar spriocanna agus torthaí an togra. Conas a forbraíodh an togra go dtí seo, agus cén tuilleadh forbartha atá ag teastáil? Cén lucht féachana atá i gceist? Conas a sainaithníodh riachtanais an lucht féachana seo, agus conas a dhéanfaidh an togra freastal ar na riachtanais sin? Cén fhaisnéis agus sonraí a úsáideadh chun an togra a fhorbairt?

- Seachadadh: cuir síos ar an gcur chuige i leith chur i gcrích na tionscnaimh — cé, cad agus conas? Cén taithí, scileanna agus saineolas atá ag an bhfoireann? Cén acmhainní a bheidh riachtanach?

- Athbhreithniú: conas agus cathain a dhéanfar measúnú ar an togra, idir linn agus i ndiaidh a chur i gcrích? An roinnfear an measúnú sin?

***Coimeádann An Coimisiún an ceart iarratais a athrangú le linn an phróisis measúnaithe más é a thuairim, agus bunaithe ar dhoiciméadú an iarratais, go bhfuil an togra níos oiriúnaí do chatagóir eile ó thabh formáid, seánra nó téama de. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh An Choimisiúin maidir leis seo.***

[1] Faoi Roinn 4.2 (b) de Scéim Fuaim & Fís 4, sainmhínítear Litearthacht d'Aosaigh mar phróiseas a bhaineann le labhairt, éisteacht, léamh, scríobh, uimhearthacht agus úsáid na teicneolaíochta laethúla chun cumarsáid a dhéanamh agus chun eolas a bhainistiú.

### 3.1.5 Céard atá i gceist le Ceanglas chun Craoladh?

Ní mhaoineoidh an Coimisiún ach léiriú na gclár a chraolfaidh craoltóir incháilithe. Ag céim an iarratais, éilíonn An Coimisiún ar iarratasóirí litir ghealltanais a sholáthar ó chraoltóir a dheimhníonn comhaontú an clár a chraoladh ar aon dul le riachtanais an Choimisiúin. Ba chóir go ndearbhódh litir an chraoltóra freisin an tseirbhís/na seirbhísí rochtana a chraolfaidh sé leis an gclár.

Tá na critéir incháilitheachta do chraoltóir leagtha amach thíos.

> Ní mór cláir theilifíse a chraoladh ar sheirbhís teilifíse in aisce a sholáthraíonn clúdach beagnach uilíoch don Stát[2]; nó ar sholáthraí líonra cuí, mar atá sainmhínithe in Alt 77(1)[3] den Acht Craolacháin 2009; nó córas MMD mar chuid de chonradh soláthair ábhair phobail faoi Alt 72 den Acht Craolacháin 2009.

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil tearcionadaíocht i gcónaí ar roinnt formáidí sa Scéim, chun iarratais sna réimsí seo a éascú, glacfaidh an Coimisiún le hiarratais gan litir ghealltanais ó chraoltóir faoi na coinníollacha seo a leanas amháin:

(i) ní mór Beochan nó Drámaíocht a bheith i bhFormáid an chláir; agus
(ii) ní fhéadfaidh an deontas a iarrtar a bheith níos mó ná 50 % den bhuiséad incháilithe iomlán.

Tabhair faoi deara le do thoil **go mbeidh** an litir ón gcraoltóir ag teastáil ag an gcéim glactha leis an tairiscint (i.e., laistigh de 3 mhí ó dháta na tairisceana maoinithe). Tabhair faoi deara freisin go n-éilíonn An Coimisiún ar iarratasóirí a chur in iúl ina n-iarratas scríofa cén craoltóir a roghnóidh siad chun an clár a chraoladh. Ba cheart sonraí faoi aon phlé a tharla leis an gcraoltóir sular cuireadh an t-iarratas isteach a sholáthar freisin laistigh den chóip PDF den doiciméad iarratais. Agus an cainéal ar an réimse taifid feidhmchláir www.cnamonline.ie á roghnú aige, ba chóir don iarratasóir "Le Deimhniú Dráma/Beochan" a roghnú ón liosta anuas Cainéal.

**I gcásanna nach bhfuil aon litir ón gCraoltóir faoi iamh agus go bhfuil an craoltóir liostaithe mar mhaoinitheoir, coimeádann An Coimisiún an ceart chun iarratais a dhiúltú ag an gcéim réamh-mheasúnaithe má mheasann sé go bhfuil an plean airgeadais neamhiomlán mura ndeimhnítear maoiniú an chraoltóra.**

**Craoladh Buaic-Ama:** Ní mór don chraoltóir incháilithe atá bainteach leis an tionscadal gealltanas a thabhairt go gcraolfar na cláir bheartaithe ag buaic-amanna. Ní mór litir ghealltanais shínithe ón gcraoltóir chuige seo a bheith i ngach iarratas, mura bhfuil díolúine sonrach aige mar atá leagtha amach thuas.

Is iad na buaic-amanna féachana:

| | |
|---|---|
| **Cláir Teilifíse** | 6 r.n. – 11.30 r.n. |

Tá roinnt clár saor ón gceanglas buaic-ama. Is iad sin:

| | |
|---|---|
| **Cláir do Pháistí** | • Tá siad sin saor ón gceanglas buaic-ama mura gcraoltar iad ar chainéal tiomnaithe do leanaí. |

[2] Sainmhínítear seirbhís teilifíse in aisce san Acht mar "seirbhís craolacháin teilifíse nach ngearrann an duine a sholáthraíonn an tseirbhís aon táille as a glacadh, agus a bhfuil fáiltiú uirthi ar fáil do 90 faoin gcéad ar a laghad de dhaonra an Stáit."
[3] Ciallaíonn "Líonra Cuí" líonra cumarsáide leictreonaí arna sholáthar ag duine ("soláthraí cuí líonra") a úsáidtear chun seirbhísí craolacháin a dháileadh nó a tharchur chuig an bpobal.

| | |
|---|---|
| | • Sonróidh An Coimisiún buaic-am i leith cainéal den chineál sin ag tagairt d'imthosca ar nós an cineál cainéil agus na cláir a dtacaítear leo.<br>• Eisítear an tréimhse 00.00 – 07.00 sa díolúine ghinearálta seo. |
| **Cláir oideachais (lena n-áirítear cláir a bhaineann le litearthacht aosach/litearthacht ó thaobh na meán ach gan a bheith teoranta do chláir den sórt sin)** | • Tá siad sin saor ón gceanglas buaic-ama.<br>• Ní áirítear an tréimhse 00.00 – 07.00 sa díolúine ghinearálta seo. |
| **Cláracha Gaeilge & fadfhoirme** | • Síneann an ceanglas buaic-ama maidir le cláir a chraoltar i nGaeilge (cibé acu cláir raidió nó cláir theilifíse), agus cláir foirme fada ar an teilifís, go dtí meán oíche. |

### 3.1.6 Seirbhísí Rochtana

Chun tuiscint agus taitneamh a bhaint as cláir theilifíse ag daoine a bhfuil deacrachtaí amhairc agus/nó éisteachta acu a éascú, ní mór do gach clár teilifíse maoinithe soláthar a dhéanamh do sheirbhísí rochtana agus caithfidh craoltóirí tacaíochta a bheith tiomanta do chraoladh amhlaidh.

Tá fotheidealú éigeantach ar gach clár teilifíse maoinithe. Ba cheart go gcloífeadh fotheidil leis na Rialacha Rochtana agus ní mór dóibh a bheith ar fáil/inrochtana don lucht féachana gach uair a chraoltar an clár maoinithe sa Stát.

Chomh maith le fotheidealú, molann an Coimisiún go láidir go gcuirfí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TÉ) agus Clostuairisc (AD) ar fáil ar gach ábhar teilifíse maoinithe. Tá ar a laghad ceann amháin de na seirbhísí seo éigeantach do gach clár drámaíochta agus teilifíse do leanaí

Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú cé na seirbhísí rochtana a chuirfear ar fáil agus an t-iarratas á chur isteach acu**. Táthar ag súil go ndéanfar soláthar iomlán na seirbhísí inrochtaineachta a gealladh san iarratas.**

Meastar costais a bhaineann le gach seirbhís rochtana a bheith mar chostais incháilithe agus ní mór iad a áireamh sa bhuiséad iarratais.

Déanfar solúbthacht maidir leis na bearta seo a mheas. Mar shampla, féadfar príomhchraoladh ag buaic-amanna a cheadú gan ISL ar an gcoinníoll go dtugann craoltóir gealltanas do chraoladh tánaisteach ISL eile, ag buaicuaireanta nó seachbhuaice. Is féidir tuilleadh sonraí ar fhotheidealú, ISL agus AD a fháil anseo.

### 3.1.7 An craoltóireacht an t-aon bhealach chun ábhar maoinithe ag an Scéim a dháileadh?

Is féidir cláir chríochnaithe arna maoiniú faoi Fuaim & Fís 4 a dháileadh trí mhodhanna pictiúrlainne nó ar líne (go hiomlán nó go páirteach) sula gcraoltar iad ar an teilifís, i.e., na prionsabail 'sa phictiúrlann ar dtús' nó 'digiteach ar dtús'. Ní cheadóidh An Coimisiún an chéad phictiúrlann nó an chéad eisiúint digiteach ach amháin sa chás go bhfuil 'Ceanglas Craolacháin' na Scéime comhlíonta ag an iarratas mar atá leagtha amach thuas.

**Pictiúrlann ar dtús**
Éilíonn an Scéim do phrionsabal 'an phictiúrlann ar dtús' nach mór na cláir chlosamhairc a chraoladh le linn buaicsceideal ama an chraoltóra incháilithe laistigh de 12 mhí ón gcéad eisiúint pictiúrlainne. Más gnéscannán, gnéchlár faisnéise, dráma nó beochan é an clár closamhairc, áfach, tá cead ag An Coimisiún craoladh líneach buaic-ama a cheadú laistigh de 24 mí ó eisiúint an phictiúrlann tosaigh.

**Digiteach ar dtús**

Ar cheann de phríomhchuspóirí an phrionsabail 'tús dhigiteach' seo tá cláir a mhaoinítear faoin Scéim chun teagmháil a dhéanamh le lucht féachana níos leithne. Ní mór do gach iarratasóir a chuireann costas isteach le haghaidh 'digiteach ar dtús' a léiriú conas a chomhlíonfaidh siad an cuspóir seo. Spreagfadh an Coimisiún freisin iarratasóirí a bheartaíonn an prionsabal 'go digiteach ar dtús' a úsáid chun é sin a dhéanamh chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a fheabhsú.

Ní mór óstáil ar aon ábhar a mhaoinítear faoin Scéim a dhéanamh le comhaontú an Chraoltóra incháilithe. Má dhéantar ábhar a óstáil ar ardáin seachas suíomh Gréasáin/imreoir an Chraoltóra beidh an tIarratasóir freagrach as aon chostais a bhaineann le cóipcheart a d'fhéadfadh a bheith infheidhme a chlúdach, ní féidir iad seo a ghearradh ar an tionscadal. Maidir leis seo, is ar an Iarratasóir agus ar an gCraoltóir a choimisiúnaigh an tionscadal atá freagrach as costais a bhaineann le cóipcheart. Ní cheadóidh an Coimisiún aon táillí cóipchirt ar cheart don eintiteas coimisiúnaithe a íoc cheana féin.

I bprionsabal, tá an ghné 'digiteach ar dtús' de thionscadal tánaisteach don chraoladh líneach. Is féidir ábhar a chuirtear ar fáil go digiteach ar dtús a atheagrú ach ní mór dó a bheith ag teacht go dlúth leis an gcraoladh líneach agus cloí le riachtanais F&F 4.

Is é an riachtanas don eisiúint 'digiteach den chéad uair' go gcaithfear an clár/na cláir chlosamhairc a chur ar fáil go digiteach laistigh de 12 mhí ó sheachadadh an ábhair don chraoltóir. Más gnéscannán, gnéchlár faisnéise, dráma nó beochan é an clár closamhairc, áfach, tá cead ag An Coimisiún craoladh líneach buaic-ama a cheadú laistigh de 24 mí ó sheachadadh an ábhair don Chraoltóir.

Ba chóir go mbeadh an maoiniú do na costais seachadta íseal ós rud é go ndéanfaí an t-ábhar a cuireadh ar fáil, go hiomlán nó go páirteach, a tháirgeadh mar chuid den chraoladh líneach. Go táscach, níor cheart go sáródh na costais a bhaineann le soláthar 'digiteach ar dtús' **2.5%** de bhuiséad an tionscadail. Má lorgaíonn Iarratasóir costais 'digiteacha ar dtús', ní mór don Iarratasóir luach ar airgead a léiriú agus beidh air tuairisc a thabhairt ar thoradh aon tionscnaimh 'digiteach ar dtús' laistigh de bhliain ó chríoch an tionscadail. Ba chóir aon chostais 'Digital First' atá os cionn 2.5% den bhuiséad incháilithe a liostú i rannán na gcostas neamh-incháilithe den bhuiséad. Ba chóir an méid sin a chur san áireamh freisin i rannán na gcostas neamh-incháilithe den phlean airgeadais, leis an maoinitheoir luaite. Moltar freisin nótaí buiséid a chur ar fáil a thugann eolas faoi na costais seo.

Ní mór don Iarratasóir freisin foráil a dhéanamh maidir le seirbhísí rochtana a bheith ar fáil ar an gcéad ábhar digiteach.

Ní mór an cur chuige i leith an phrionsabail 'go digiteach ar dtús' a chomhaontú leis an gCraoltóir incháilithe agus chun críocha treorach amháin, d'fhéadfaí a áireamh: -

- an clár ar fad nó cuid de a chur ar fáil go digiteach ar dtús m.sh., dáileadh réamh-chraolta trí sheinnteoir teilifíse mar sheinnteoir RTÉ nó mar chlár ar éileamh ar Virgin Media nó ar sholáthraí seirbhíse VOD sula bhfeictear mar chraoladh é; nó ar ardáin agus aipeanna meán sóisialta craoltóra.
- 'digiteach ar dtús' a úsáid chun an clár a chur chun cinn m.sh., le gearrthóga promo ar na meáin shóisialta, úsáid hashtags, scéalta instagram, comhroinnt grianghraf srl.;
- fócas ar sheánraí agus formáidí áirithe, lena n-áirítear beochan, ábhar do pháistí go ginearálta agus ábhar gearrthéarmach in iliomad seánraí, ag léiriú blasanna agus iompraíochtaí lucht féachana óg go háirithe;
- ábhar breise a chur ar fáil a bhí beartaithe don táirgeadh ach nár úsáideadh sa ghearradh deiridh e.g. agallaimh leathnaithe.
- Rannpháirtíocht lucht féachana ar líne a éascú agus a chur chun cinn trí vótaíochtaí lucht féachana, tuairimí, agus comórtais etc.

### 3.1.8 Rialacha Státchabhrach agus Riachtanais Caiteachais Réigiúnaigh

Faoi rialacháin an Choimisiúin Eorpaigh (CE) maidir le Státchabhair do scannáin agus saothair chlosamhairc eile, tá teorainn 50% le huasmhéid déine an chúnaimh deontais a cheadaítear. Glactar leis i Rialacha Státchabhrach an Choimisiúin Eorpaigh go dtagann na cláir a shonraítear faoin Acht Craolacháin 2009 agus faoi na hAchtanna eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022 go ginearálta faoi na trí eisiamh ón uasmhéid 50% atá i dtreoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh. Baineann na heisiaimh seo le cláir **(i) atá deacair le déanamh, (ii) atá ar chostas íseal** nó **(iii) a ghníomhaíonn in éadan síntí teoranta tíreolaíocha teangacha agus cultúr faoi leith.** Déantar tairiscint mhaoinithe ar bith ar fiú €100 míle nó níos mó í a thuairisciú don Choimisiún Eorpach de réir Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (651/2014) maidir le Státchabhair.

Foráiltear le rialacháin Státchabhrach an Choimisiúin Eorpaigh go bhféadfaidh Ballstáit a éileamh go dtarlóidh íosleibhéal gníomhaíochta léirithe ina gcríocha féin le bheith i dteideal cúnamh deontais a fháil. Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar riachtanais an Choimisiúin ina leith seo do thionscadail teilifíse. Is gá d'iarratasóirí a dhearbhú agus iad ag cur iarratais isteach ar mhaoiniú do chláir theilifíse go gcloífidh siad leis na riachtanais seo.

| Deontas: Buiséad Iomlán | Caiteachas sa Chríoch |
|---|---|
| **Más ionann deontas an Choimisiúin agus níos lú ná 50% den bhuiséad foriomlán, sa chás sin:** | Is gá 160% den chúnamh deontais a tugadh a chaitheamh laistigh de chríoch Phoblacht na hÉireann. Mar shampla, más ionann an deontas do thionscadal a bhfuil buiséad iomlán €100,000 aige agus €30,000, is gá €48,000 a chaitheamh i bPoblacht na hÉireann. |
| **Más ionann deontas an Choimisiúin agus 50% nó níos mó den bhuiséad foriomlán, sa chás sin:** | Is gá 80% den bhuiséad fhoriomlán léirithe a chaitheamh laistigh d'oileán na hÉireann. Mar shampla, más ionann an deontas do thionscadal a bhfuil buiséad €100,000 aige agus €60,000, is gá €80,000 a chaitheamh laistigh d'oileán na hÉireann. |

D'fhéadfadh an Coimisiún, in imthosca áirithe, glacadh le céatadán níos ísle caiteachais ná mar a leagtar amach thuas, mar shampla, sa chás go bhfuil cúiseanna eagarthóireachta a bhfuil údar leo nó más ann do choimhlint idir riachtanais an Choimisiúin agus riachtanais maoinitheoirí eile. Sna cásanna seo, is gá d'iarratasóirí réasúnaíocht a chur ar fáil don chéatadán níos ísle caiteachais.

### 3.1.9 Cén uair is gá dom réasúnaíocht a sholáthar le haghaidh deacair a dhéanamh/buiséad íseal?

Ní mór d'iarratais ar mhaoiniú a chomhlíonann critéir uile Choimisiún na Meán 1-4 atá luaite sa bhosca thíos réasúnaíocht a thabhairt maidir leis an gcaoi a bhfuil carachtar oibre closamhairc atá deacair le déanamh ag an gclár atá beartaithe. Chun é seo a dhéanamh, roghnaigh "Níl" sa réimse anuas ar www.cnamonline.ie foirm iarratais a fiafraíonn "an gcomhlíonann an tionscadal na critéir maidir le buiséad íseal" agus ansin cuir isteach do réasúnaíocht maidir leis an gcaoi a bhfuil carachtar fuaime ag an gclár molta -obair amhairc atá deacair a dhéanamh sa réimse éigeantach ba cheart a bheith ar fáil nuair a bheidh do rogha déanta agat.

Ba cheart d'iarratais Teilifíse nach gcomhlíonann critéir 1-4 uile Choimisiún na Meán "Tá" a roghnú don cheist "an gcomhlíonann an tionscadal na critéir maidir le buiséad íseal" ar www.cnamonline.ie agus ní bheidh orthu réasúnaíocht bhreise a thabhairt.

1. **tá na buiséad iomlán os cionn €750,000 (teilifís), agus**
2. **tá iomlán an chúnaimh deontais a iarrtar os cionn 50% den bhuiséad iomlán, agus**
3. ***níl* na cláir i nGaeilge, agus**
4. ***níl* an clár ag déileáil le saincheisteanna maidir le litearthacht aosach.**

I measc na gcritéar chun cláir ar gá “dua mór” a chaitheamh leo a mheas tá:

- Acmhainní an léiritheora, an chraoltóra nó an togra
- Easpa acmhainneachta tráchtála
- An chaoi nach meallfadh sé lucht féachana suntasach
- Sainiúlacht na dtéamaí teanga, oideachais agus cultúrtha
- An nádúr turgnamhach agus/nó an riosca cruthaitheach a bhaineann leis an gclár

### 3.1.10 Cad is costais incháilithe ann?

Ní ghlacfaidh an Scéim ach le hiarratais ar chláir atá réidh le léiriú. Ní ghlacann an scéim le hiarratais ar chláir atá i mbun léirithe cheana féin. Níl iarratais ar mhaoiniú d’fhorbairt neamhspleách nó cláir chríochnaithe incháilithe sna babhtaí ginearálta maoinithe.

Is iad na costais amháin is féidir a mhaoiniú faoi S&V4 ná costais incháilithe. Is iad na costais incháilithe na costais a bhaineann le léiriú agus seachadadh an chláir (na gclár) agus, anuas ar chostais léiriúcháin ghinearálta, féadfar costais airgeadais, dhlíthiúla agus bhaincéireachta a chur san áireamh iontu. Is féidir le costais forbartha a bheith incháilithe má tá siad bainteach go díreach le léiriúchán an chláir agus tacaíocht acu ó nótaí buiséid.

**Ba cheart d’iarratasóirí bunús le gach costas a chur ar fáil ina nótaí buiséid/ miondealú mionsonraithe den bhuiséad a chur ar fáil. Cuirtear i gcuimhne d’iarratasóirí, i gcás léirithe idirnáisiúnta, aon chostais a thabhaítear a bhaineann leis an léiriúchán, is cuma cá dtabhaítear na costais go meastar iad a bheith incháilithe i gcomhthéacs na Scéime. Mar sin, ba chóir de phlean buiséid agus airgeadais an iarratasóra na costais sin go léir a chur san áireamh agus ba chóir gealltanas maoiniú ábhartha lena haghaidh a bheith léirithe a dhóthain san iarratas le bheith slán.**

Is iad na costais neamh-incháilithe costais a bhaineann le léiriú agus le seachadadh ach nach mbaineann go díreach le déanamh ná le seachadadh na gclár. Samplaí de chostais neamh-incháilithe iad costais dímheasa, costais ghinearálta a bhaineann le láithreán gréasáin agus costais oiliúna[4].

I bhformhór na gcásanna is costais neamh-incháilithe iad costais chaipitil. Sa chás gur grúpa pobail atá ag gabháil do léiriú clár an t-iarratasóir, áfach, d'fhéadfadh roinnt costas caipitil a bheith incháilithe chun maoiniú a fháil. Sna cásanna sin, ní mór d'iarratasóirí réasúnaíocht iomlán a chur ar fáil ag míniú cén fáth a bhfuil na costais chaipitil sin riachtanach agus trí luachan a sholáthar chun trealamh den sórt sin a fháil. Déanfar iad seo a mheas cás ar chás agus soláthróidh An Coimisiún 80% ar a mhéad de chostais chaipitil den chineál sin.

Is féidir suas le 95% de na costais a bhaineann leis an mbuiséad incháilithe a mhaoiniú faoin Scéim. Mar gheall ar an éileamh fhoriomlán atá ar mhaoiniú Scéime, cuirtear de chomhairle ar iarratasóirí ar thionscadail closamharc gurb é an uasmhéid tháscach d’iarratas ar mhaoiniú ná **€500,000** agus tá seans maith gur eisceachtaí a bheidh i ndeontais den mhéid sin seachas na gnáthmhéideanna maoinithe a

---

[4] Is éard a bheadh san oiliúint ghinearálta ná oiliúint nach mbaineann go díreach leis an léiriuchán. Mar sin féin, d’fhéadfadh costais oiliúna a bhaineann go díreach leis an léiriúchán a bheith inghlactha, mar shampla, breisoiliúint an oiliúnaí atá ag obair ar an léiriú srl. Ba cheart aon oiliúint den sórt sin a nascadh leis an gcuid “Forbart Scileanna/Tallaine” de d’iarratas. Moltar freisin nóta buiséid ar aon oiliúint dá leithéid.”

bhronnfar.  Ba cheart d'iarratasóirí féachaint ar an maitrís maoinithe mar atá leagtha amach thíos chun faisnéis mhionsonraithe a fháil faoi na méideanna is féidir a lorg i gcomhair tograí aonair.

| **Cláir Teilifíse, Fadscannáin san áireamh** | | |
|---|---|---|
| *Íosmhéid an deontais* | *Uasmhéid an deontais* | *Ní bheidh an deontas a bhronnfar os cionn an chéatadáin seo a leanas den bhuiséad iomlán incháilithe* |
| | €50,000 | Suas go 95% |
| €50,001 | €250,000 | Suas go 90% |
| €250,001 | €500,000 | Suas go 85% |

### 3.1.11 Tús a chur leis an Léiriúcháin

Tabhair faoi deara, nuair a bhíonn an t-iarratas curtha isteach, agus nuair a bhíonn an babhta dúnta agus an próiseas measúnú ar bun, gur féidir tús a chur leis an léiriú ach is ar phriacal an iarratasóra féin a dhéanfar é sin.

## 3.2 Céim an Mheasúnaithe Cháilíochtúil

Má mheastar go bhfuil an t-iarratasóir agus an t-iarratas incháilithe sa Chéim Réamh-Mheasúnaithe Meastóireachta, tá an t-iarratas incháilithe le breithniú chun maoiniú a dhámhachtain. Is é an chéad chéim eile an Chéim Meastóireachta Cáilíochtúil ina ndéantar gach iarratas a mheas ar a fhiúntais féin i gcomhthéacs chuspóirí na scéime agus na gcritéar cáilíochtúil réamhshocraithe. Tá an Maitrís Scórála Meastóireachta Cáilíochtúil leagtha amach in Aguisín 2 mar eolas agus mar thagairt.

Ní mór d’iarratasóir scór 50% nó níos mó a bhaint amach i ngach ceann de na critéir éigeantacha seo chun cáiliú le haghaidh tuilleadh measúnaithe chun maoiniú a dhámhachtain. Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe:

Critéir Éigeantacha:

- Breisíocht, Luach Cultúir & Nuálaíocht
- Acmhainní/Cás a rinneadh ar son maoinithe
- Caighdeán an Iarratais

## 3.3 Céim an Mheasúnaithe Straitéisigh

Sna cásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilithe ná maoiniú ar fáil, ag eascairt ón gCéim Measúnaithe Cháilíochtúil, beidh céim mheasúnaithe eile ag an  gCoimisiún, an Chéim Measúnaithe Straitéisigh. Díreoidh sé seo ar chothromaíocht a aimsiú i bpacáiste foriomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Breathnófar na moltaí le haghaidh na céime cáilíochtúla anseo freisin.
Is iad seo a leanas na critéir mheasúnaithe don chéim seo:

Critéir Straitéiseacha:

- Éagsúlacht an ábhair agus tagairt do sheánraí, formáidí, ábhar agus luchtanna féachana a bhfreastalaítear orthu.
- An Ghaeilge
- Forbairt Tallainne agus Scileanna
- Mná i bPríomhról Cruthaitheach
- An Scór Measúnaithe Cháilíochtúil iomlán

Cuirtear na moltaí deireanacha faoi bhráid an Choimisiúin ansin lena ndaingniú.

Le haghaidh tuilleadh eolais,Tá an Mhaitrís Scórála Meastóireachta Straitéisí don Mheasúnú Cáilíochtúil agus Straitéiseach leagtha amach in Aguisín 3.

## 3.4 Daingniú

Déanann na Coimisinéirí cinntí deiridh ar an bpacáiste moltaí a eascraíonn ón gcéim mheasúnaithe roimhe seo. Tar éis do na Coimisinéirí a bheith daingnithe, cuirtear toradh a n-aighneacht(aí) in iúl d'iarratasóirí.

## 3.5 Próiseas Cinnteoireachta

Seo a leanas na próisis ar fad a leanfar agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar iarratais maidir lena n-incháilitheacht do mhaoiniú a fháil:

**3.5.1** Déanfar measúnacht tosaigh ar gach iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann sé critéir cháilitheacha na scéime agus an bhabhta lena n-áirítear incháilitheacht an iarratasóra agus go bhfuil an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a theastaíonn curtha isteach. Dícháileofar aon iarratasóir nach gcomhlíonfaidh aon cheann faoi leith de na critéir liostaithe agus eisiafar é nó í ón bpróiseas iarratais, féach Aguisín 1.

Déanfaidh foireann An Choimisiúin seiceáil ar aon choinbhleachtaí leasa ionchasacha leis na measúnóirí sula ndéanfar aon iarratais a dháileadh ar an gcéad chéim eile den mheasúnú.

**3.5.2** Déanfar na hiarratais incháilithe a shocrú ina ngrúpaí ansin. Féadfar an roinnt sin a dhéanamh de réir chineál an togra (Togra Raidió nó Teilifíse); formáide; seánra; an méid a iarradh agus mar sin de agus féadfar na grúpaí a shannadh do Phainéal Measúnaithe Cháilíochtúil.

Beidh an Painéal comhdhéanta d'fhoireann Choimisiún na Meán agus measúnóirí seachtracha agus fad atá gach Painéal á leagan amach, déanfaidh Coimisiún na Meán na scileanna agus an taithí iomchuí is gá chun measúnú a dhéanamh ar na tionscadail a bhreithniú.

Déanfaidh gach comhalta seachtrach den Phainéal measúnú ar gach iarratas go neamhspleách. Tionólfar cruinniú ansin chun gach iarratas a phlé. Tiocfaidh an painéal ar chomhaontú maidir le Scór cáilíochtúil do gach iarratas, agus tiocfar ar chomhaontú maidir le liosta de na moltaí maoinithe. Ansin, déanfaidh an Feidhmeannach dréacht de na hábhair ar thángthas ar chomhaontú ina leith a scaipeadh ar gach comhalta den phainéal lena phlé agus lena fhormheas. Nuair a chuirfear cruinnithe measúnaithe uile an phainéil i gcrích, lena náirítear críochnú dhoiciméadacht na gcruinnithe measúnaithe, cuirfear liosta iomlán na moltaí maoinithe i dtoll a chéile. Má tá an méid maoinithe atá molta níos mó ná an méid atá ar fáil don bhabhta seo, beidh gá le céim measúnaithe straitéisigh.

**3.5.3** Tá Painéal Measúnú Straitéiseach curtha ar bun ar a bhfuil comhaltaí sinsearacha de lucht bainistíochta An Choimisiúin agus baill foirne atá páirteach i reáchtáil bhabhta F&F4. Déanann an fóram seo breithniú i dteannta a chéile ar scóir na Céime Measúnaithe Cháilíochtúil, ar mholtaí an Phainéil agus ar na critéir straitéiseacha. Tá sé d'oibleagáid ar An gCoimisiún cothromaíocht ábhair a bhaint amach a éascóidh an meascán is fearr d'fhormáidí, de sheánraí, de theanga agus de lucht féachana agus éisteachta ar bhonn na n-iarratas arna bhfáil i gcomhair an bhabhta. Is ar na hiarratais is mó a mheastar a gcomhlíonann spriocanna agus cuspóirí na Scéime a bhronnfar na marcanna is airde agus mar sin is orthu a dhámhfar maoiniú. Déantar na moltaí deiridh a chur faoi bhráid An Choimisiúin ansin lena ndaingniú.

**3.5.4** Is é An Coimisiún a dhéanann na cinntí deiridh faoi na hiarratais sa chéim deiridh, agus na moltaí a eascraíonn as na céimeanna measúnaithe roimhe sin á mbreithniú.

## 3.6 Cinntí Maoinithe

***Iarratais rathúla***
I gcás ina gceadóidh An Coimisiún iarratas ar mhaoiniú, déanfar na bearta seo a leanas:

- Cuireann An Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus aon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis an tairiscint á leagan amach aige.
- Foilsíonn An Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe arna ndaingniú ag an gCoimisiún.
- Ní mór don iarratasóir rathúil a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint maoinithe agus le haon choinníoll/coinníollacha a cheanglaíonn An Coimisiún léi.
- Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil socrú conartha a dhéanamh leis an gCoimisiún , ar théarmaí a shonróidh An Coimisiún . I measc na dtéarmaí sin tá sceideal a bhaineann le tarraingt anuas na gcistí ag iarratasóir. Riarann An Coimisiún cistí de réir théarmaí an chomhaontaithe conartha.
- Beidh rochtain ag an Iarratasóir agus ag príomhtheagmhálaí an Chonraitheora ar thaifead an Chonraitheora a chruthófar ar www.cnamonline.ie

**Iarratais nach n-éiríonn leo**
I gcás ina bhfuil An Coimisiún tar éis diúltú d'iarratas ar mhaoiniú, cuirtear iarratasóirí ar an eolas ar bhonn aonair agus cuirtear faisnéis ar fáil dóibh faoi fheidhmíocht a n-iarratas sa phróiseas measúnaithe. Tabharfaidh stádas iarratais www.cnamonline.ie le fios ag cén chéim ar dhiúltaítear d'iarratas nuair a bheidh an Babhta daingnithe.

- Má dhiúltaítear le d'iarratas i rith an chéim Réamh-Mheastóireacht tabharfaidh stádas iarratais le fios é mar 'Diúltaithe – Réamh-Mheastóireacht'
- Má dhiúltaítear le d'iarratas i rith an chéim Measúnú Cáilíochtúil tabharfaidh stádas iarratais le fios é mar 'Diúltaithe – Céim 1'
- Má dhiúltaítear le d'iarratas i rith an chéim Measúnú Straitéiseach tabharfaidh stádas iarratais le fios é mar 'Diúltaithe – Céim 2'

## 3.7 Conraitheoireacht

Agus iad i mbun conraitheoireachta leis an gCoimisiún iarrfar ar iarratasóir rathúil roinnt nithe inseachadta a sholáthar don Choimisiún. Tá liosta ar fáil thíos de na nithe a bheadh ag teastáil le linn conraitheoireachta cé nach liosta cuimsitheach é. Tabhair faoi deara nach gcaithfidh na doiciméid seo a bheith réidh nuair atá an t-iarratas á dhéanamh, is chun treoir amháin a thabhairt duit atá siad áirithe anseo.

- Buiséad & Plean Airgeadais
- Cóiriú
- Sonraí faoin gClár agus faoi Dheontais
- Polasaí Árachais
- Litir Deimhnithe ón gCraoltóir
- Litir ón mBanc ábhartha á rá nach ndéanfar Fritháireamh
- Faisnéis Imréitigh Cánach
- Dearbhú faoi inscne na ndaoine i rólanna lárnacha an togra: Má léiríodh gurbh í an inscne baininscneach a bhaineann leis an Léiritheoir, an Stiúrthóir, an tEagarthóir, an Scríbhneoir nó an Stiúrthóir Fótagrafaíochta san iarratas, táthar ag súil go líonfar an ról sin le pearsanra baininscneach cuí.
- Polasaí um Chosaint Leanaí agus Aosaigh Leochaileacha

## 3.8 Séanadh

Ní hionann an fhaisnéis atá ar fáil sa doiciméad seo agus cuntas uileghabhálach ar na ceanglais reachtúla agus ar na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar iarratasóirí ar mhaoiniú faoin Scéim. Níor cheart a mheas gur ráiteas iomlán nó údarásach faoin dlí é.

Ní mór do na daoine a gcuirtear an doiciméad seo ar fáil dóibh a measúnú neamhspleách féin a dhéanamh tar éis dóibh a gcomhairle ghairmiúil féin a ghlacadh agus cibé fiosruithe breise a dhéanamh, a mheasann siad is gá maidir le gach ní ábhartha. Ní dhéanann An Coimisiún aon uiríoll is ní thugann sé aon bharánta, sainráite nó intuigthe, maidir leis an bhfaisnéis atá sa doiciméad seo nó maidir le haon fhaisnéis ó bhéal nó i scríbhinn a tugadh nó a thabharfar d'aon iarratasóir ionchasach nó dá chomhairleoirí gairmiúla nó dá comhairleoirí gairmiúla. Séantar go sainráite aon dliteanas i ndáil leis sin.

## 4. Foirm Iarratais

Sa chuid seo den doiciméad, mínítear na gnéithe ar leith atá san Fhoirm Iarratais Oifigiúil agus leagtar amach an fhaisnéis a éilíonn An Coimisiún faoi gach gné. Ba cheart an chuid seo den Treoir a léamh in éineacht leis an bhFoirm Iarratais Raidió atá ar fáil anseo.

Maidir le hiarratasóirí nach ndéanann gach cuid éigeantach den Fhoirm Iarratais a chomhlánú agus na doiciméid éigeantacha go léir a sholáthar san fhormáid cheart diúltófar iad ag céim na réamh-mheastóireachta. Sa tábla thíos léirítear na nithe atá éigeantach i gcás gach cineál iarratais.

Déan teimpléad na foirme iarratais a chomhlánú agus é a shábháil mar aon **PDF amháin**.
Ní chóir go mbeadh aon naisc do cháipéisíocht seachtrach san áireamh, ar fhaitíos nach mbeidh siad inléite don Chomisiún.

**Ná cuir naisc sheachtracha chuig cáipéisí isteach san fhoirm, ach amháin i gcás samplaí beochana.**

Tá sé de cheart ag an gCoimisiún gan aon ábhar nach bhfuil curtha isteach tríd an bhFoirm Iarratais ná an Fhoirm Ar Líne a fheiceáil ná a mheas.

| # | Ábhar na Foirme Iarratais | Éigeantach |
|---|---|---|
| 1 | Sonraíocht an Chláir, lena n-áirítear Cóiriú | Gach iarratas |
| 2 | Buiséad | Gach iarratas |
| 3 | Nótaí leis an mBuiséad agus/ nó Buiséad Mionsonraithe | Gach iarratas* |
| 4 | Plean Airgeadais, lena n-áirítear Caiteachas sa Chríoch | Gach iarratas |
| 5 | Litir Tiomantais ó Chraoltóir | Gach iarratas** |
| 6 | Má tá sé beartaithe an prionsabal 'Digiteach ar dTús' a úsáid, ba cheart go n-áireofaí sa litir ghealltanais ón gCraoltóir incháilithe dearbhú ar an gcur chuige comhaontaithe maidir le hábhar a chruthú don ghné 'digiteach ar dtús' den togra | I gcás gach iarratais má tá an prionsabal á úsáid |
| 7 | Deimhniú Tiomantais ó Mhaoinitheoirí eile | Moltar iad a thabhairt ach níl siad éigeantach*** |
| 8 | Deimhniú Tiomantais ó Phearsanra/Daoine Cruthaitheacha/Rannpháirtithe Lárnacha | Gach iarratas |
| 9 | Orduithe Reatha Táscacha: Cláracha Faisnéise, Oideachais nó Siamsaíochta | Molta |
| 10 | Script(eanna): Drámaíocht & Beochan | Éigeantach do dhráma scannáin; ar a laghad ceann amháin éigeantach do shraith drámaíochta. Molta d'iarratais Bheochaine |
| 11 | Imlínte Clár | Do sraitheanna le níos mó ná clár amháin inti |
| 12 | Samplaí Beochana | Le haghaidh iarratiais beochana amháin. |

**  Moltar nótaí buiséid do gach iarratas agus tá siad éigeantach do thionscadail Raidió, tá buiséad mionsonraithe ag teastáil le haghaidh gach tionscadal teilifíse.*
***léigh alt 3.1.5 le haghaidh sonraí*
****léigh alt 4.6  más é do thoil é chun eolas a fháil ar an tairseach inghlactha*

Ní bhíonn sé riachtanach míreanna nach bhfuil luaite sa liosta thuas, amhail naisc chuig ábhar closamhairc breise nó ábhar cur chun cinn, a chur san áireamh agus iarratas á dhéanamh. Má tá iarratasóirí ag iarraidh ábhar tacaíochta breise a chur san áireamh san Fhoirm Iarratais, agus má chreideann siad go bhfuil sé riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar a dtionscadail, ní mór dóibh a réasúnaíocht a leagan amach. Áirítear leis seo naisc chuig ealaín bheochana nó ábhar closamhairc breise atá stóráilte ar an idirlíon (féach rannóga 11 agus 12 den Fhoirm Iarratais).

Bí cinnte go gcuirfidh tú aon fhocail fhaire san áireamh atá riachtanach chun rochtain a fháil ar ábhar tacaíochta breise do thionscadal beochana. Ní ghlacfar le naisc a éilíonn clárú ríomhphoist chun rochtain a fháil ar an ábhar.

## 4.1 Sonraíocht an Chláir

Bain leas as an gcuid seo den fhoirm iarratais lena chur in iúl do mheasúnóirí An Choimisiúin cad atá i gceist le do chlár. Comhlíon gach cuid den fhoirm de réir na dtreoracha a thugtar inti.

## 4.2 Buiséad

Cuimsíonn an Fhoirm Iarratais teimpléad buiséid. Tá an teimpléad seo roinnte ina dhá chuid – costais incháilithe agus costais neamh-incháilithe (féach Mír 3.1.10) le haghaidh sainmhínithe agus samplaí). Tá míreanna líne rangaithe faoi fho-cheannteidil sna ranna seo.

Ní mór **("Teimpléad Buiséid")** comhlánaithe a bheith san áireamh i ngach iarratas dá dtionscadal ag baint úsáide as an gcatagóiriú agus miondealú reatha. Más léiriúchán idirnáisiúnta é, ní mór an buiséad domhanda a sholáthar. Féach thíos le do thoil riachtanais an Choimisiúin maidir le buiséid.

**Chomh maith le Teimpléad Buiséid a chomhlánú, caithfidh iarratasóirí buiséad mionsonraithe iomlán a chur san áireamh freisin, féach alt 4.3.**

***Comhlánú an Teimpléad***
Féadfaidh iarratasóirí úsáid a bhaint as **ceachtar acu** seo:

1. An teimpléad buiséid san fhoirm iarratais sa doiciméad Word seo. nó
2. Leagan Excel. Tá sé ar fáil le híoslódáil [anseo]. Úsáid an teimpléad agus cóipeáil & greamaigh do bhuiséad deiridh isteach san fhoirm iarratais doiciméad Word. Má tá an bhileog Excel seo á húsáid agat, ceangail an buiséad seo mar iatán ar leith le do fhoirm iarratais chomhlánaithe chuig an taifead iarratais ar cnamonline.ie.

Caithfidh iarratais teilifíse na figiúirí iomlána do gach mír líne ábhartha a áireamh sa bhuiséad. Bain úsáid as na nótaí buiséid agus/nó roinn an bhuiséid mhionsonraithe chun miondealú ar na figiúirí seo a sholáthar, go háirithe má tá tú ag cur figiúirí isteach sna míreanna líne marcáilte “Eile”.

Déan costas gach míre den bhuiséad a mhionsonrú agus cuir in iúl go hiomlán conas a ríomhadh an figiúr seo. Ba chóir é seo a leagan amach ag tagairt do Thuairisc an Aonaid, Uimhir (laethanta/Seachtainí), agus Ráta ábhartha. Má thabhóidh do thionscadal costais nach bhfuil liostaithe sa teimpléad, úsáid an mhír líne “Eile”, agus tabhair na mínithe riachtanacha sna Nótaí Buiséid. I gcás costais foirne agus léiriúcháin, ba cheart ráta laethúil a sholáthar má bhíonn níos lú ná seachtain amháin i gceist. Níor cheart ráta in aghaidh na huaire a sholáthar ach amháin nuair a bhíonn níos lú ná lá ag teastáil. Féach thíos, sampla críochnaithe de mhír líne ina bhfuil táirgeoir ag buiséadú dá gcuid ama i laethanta. Mar sin is é an t-iomlán ná líon na laethanta amanna iolraithe faoi ráta an léiritheora:

| Uimh. | Pearsanra | Cur síos ar an Aonad | Líon | Ráta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Léiritheoir | Lá | x | €xxx | = líon x ráta |

**Daoine i Róil Éagsúla**
Má tá duine aonair ag glacadh le róil éagsúla sa léiriú, ba chóir go liostálfaí a gcuid oibre ar fad ar líne amháin sa bhuiséad. Ba chóir go n-íocfaí an duine sin ráta seasta amháin as an iomlán dá gcuid oibre ar an tionscadal. Is féidir cur síos na líne a leasú chun na róil atá le glacadh a léiriú. Ba chóir nóta buiséid a chur leis chun aon eolas ábhartha a thabhairt chun tacú leis seo.

***CBL***
Ní mór míreanna faoi leith sa Bhuiséad a chur isteach gan CBL a áireamh ach amháin más rud é **nach bhfuil an t-iarratasóir cláraithe** le haghaidh CBL. Ní féidir ach amháin sa chás nach féidir CBL a asbhaint mar chostas ag an iarrthóir is féidir CBL a chur san áireamh.

- CBL: Má tá an Stáisiún cláraithe le CBL, ba cheart na línte cuí a chur isteach sa bhuiséid gan CBL san áireamh.
- Sa chás NACH bhfuil an Stáisiún cláraithe le CBL, is féidir costas an CBL an chur sna línte buiséid. Ach is gá míniú a thabhairt ar an CBL atá san áireamh (chomh maith leis an ráta cuí) sna Nótaí Buiséid.

Ceanglaíonn An Coimisiún ar iarratasóirí rathúla deimhniú a sholáthar ó na Coimisinéirí Ioncaim agus maoiniú á tharraingt anuas acu go bhfuil stádas imréitigh cánach soiléir acu.

***Airgeadra***
Ní mór an buiséad a chur i láthair san airgeadra sin trína maoineofar an chuid is mó den léiriú.  Más rud é nach mbeidh an léiriú á mhaoiniú go príomha in Euro nó i Steirling, ba cheart buiséad Euro a chur ar fáil chomh maith. Déanfar conarthaí a thabhairt chun críche agus a shíniú bunaithe ar íocaíochtaí táscacha Euro.  Míneofar é seo a thuilleadh le linn idirbheartaíochta faoin gconradh. Beidh an maoiniú ar fad a thairgfear in Euro.

***Taisteal agus Cothú***
Ba cheart go mbeadh costais taisteal agus chothabhála de réir rátaí is déanaí na Státseirbhíse. Tá na rátaí reatha ar fáil anseo

***Forchostais agus Táille Léiriúcháin / Cúlchiste***
Ba cheart an táille forchostais agus an táille léiriúcháin a ríomh mar chéatadán de na costais incháilithe.

I gcás forchostais, is féidir uasmhéid de suas le 5% a chionroinnt ar an líne seo. Is ranníocaíocht é seo i dtreo na bhforchostas gaolmhar a thabhaíonn an táirgeoir le linn táirgeadh.

Féadfar táille léirithe, nó táille theagmhasach a áireamh sa bhuiséad. Go ginearálta tá sé seo suas go dtí uasmhéid de 10%; áfach, is féidir é a chaibidil ar bhonn cás ar chás. Socraítear an táille léiriúcháin/teagmhais ag tagairt d'fhachtóirí cosúil le castacht, fad agus scála an léiriúcháin agus aithníonn sé go bhféadfadh athruithe ar riachtanais airgeadais a bheith ann le linn táirgeadh an chláir.

I gcás roinnt léiriúchán d'fhéadfadh táille léiriúcháin agus teagmhasach a bheith ceadaithe, d'fhéadfaí é seo a mheas ar bhonn cás ar chás.

***Cuntais***
Ní mór socrú a dhéanamh sa bhuiséad maidir leis an gcostas a bhaineann le tuarascáil cuntasóra ar an togra faoin gcaighdeán M45 - Deontas a Éileamh i.e. duine cáilithe a fhostú chun ráiteas costais deiridh a scrúdú agus a ainm nó a hainm a chur leis etc.[5] Féach ar do leathanach An Coimisiún le ar www.cnamonline.ie chun treoir a fháil faoin gcaighdeán M45 maidir le Deontas a Éileamh.

**Seirbhísí Rochtana**
Ní mór go mbeadh fotheidil ar fáil do gach clár teilifíse a chraolfar.

Moltar go mór Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus Tráchtaireacht Fuaime (TF) a chur ar fáil do gach clár Teilifíse. Ní mór soláthair do na seirbhísí sin a áireamh sa bhuiséad. Tá sé éigeantach ceann amháin de na seirbhísí seo ar a laghad a chur ar fáil do gach clár Drámaíochta agus Leanaí.

Ní mór d'iarratasóirí na seirbhísí rochtana a chuirfear ar fáil a dhearbhú agus an t-iarratas á chur isteach.

Meastar go bhfuil na costais a bhaineann leis na seirbhísí rochtana uile ina gcostais incháilithe agus is gá iad a áireamh i mbuiséad an iarratais.

***Cartlannú (Seachadadh An Choimisiúin)***
Déanfaidh An Coimisiún gach clár a mhaoinítear faoin Scéim a chartlannú; ba cheart soláthar a dhéanamh don chostas seo. Maidir leis an teilifís, beidh gá le cóip thagartha ar líne agus cóip dhigiteach iomlán AS-11 den chlár, is féidir sonraí maidir le cur isteach air a fháil anseo le haghaidh tagartha.

Cinntigh le do thoil freisin go leithdháilfidh tú buiséad chun an comhad .stl a sheachadadh, agus aon chomhaid rochtana ábhartha eile (amhail AD nó leagan ISL) ar gá iad a chur isteach leis an gcóip dhigiteach AS-11 den chlár.

I gcás clár nach bhfuil sa Bhéarla, beidh gá freisin comhad .stl aistrithe Béarla a chur isteach chomh maith leis an gcomhad fotheideal .stl rochtana.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, mura bhfuil a mhalairt aontaithe i scríbhinn, beidh ar gach tionscadal teilifíse maoinithe ábhar cláir a chur isteach de réir an mhéid thuas.**

## 4.3 Buiséad Mionsonraithe agus Nótaí Buiséid

Tá an chuid seo éigeantach. **Ní mór do gach tionscadal teilifíse buiséad mionsonraithe a chur ar fáil chomh maith leis an Teimpléad Buiséid**. Ba cheart barrbhileog don bhuiséad mionsonraithe a chur san áireamh freisin. Féadfar iarratais a chuirtear isteach gan Buiséad mionsonraithe a bheith faoi réir dícháilithe ag an réamhchéim measúnaithe. Ní mór tagairt a dhéanamh go héasca don bhuiséad mionsonraithe i gcoinne an teimpléid buiséad iarratais comhlánaithe dá bhforáiltear sa doiciméad iarratais. Úsáid an colún "Leathanach/Tag" sa teimpléad buiséid chun é seo a dhéanamh.

Cé nach bhfuil sé éigeantach do thionscadail teilifíse, moltar go láidir go soláthródh gach tionscadal nótaí buiséid chomh maith le buiséad mionsonraithe. Bain úsáid as na nótaí buiséid chun a mhíniú conas atá tú chun an clár a bhfuil cur síos air sa chóireáil a bhaint amach ag baint úsáide as na hacmhainní atá liostaithe sa bhuiséad. Ba cheart go nascfadh na nótaí leis na codanna seo den iarratas ar an measúnóir. Ní mór d'iarratasóirí an t-am, na rátaí agus na costais a bhaineann le míreanna líne a chuimsítear sa bhuiséad a chosaint. Ba cheart go soláthródh na nótaí miondealú ar aon chostais atá 'cuachta' sa bhuiséad, e.g.,

[5] Ceanglaítear le rialacha an Choimisiúin Eorpaigh go ndéanfar athbhreithniú foirmiúil ar gach togra lena chinntiú go gcomhlíonfar Doiciméad na Scéime agus rialacha an CE maidir le Státchabhair.

taisteal agus cothaithe, agus ba cheart go míneodh siad cén fáth a bhfuil gá le línte costais ar leith agus go bhfuil údar maith leo i gcomhthéacs an chláir bheartaithe. Ba cheart go n-aithneodh na nótaí go soiléir freisin cá bhfuil níos mó ná ról amháin ag an duine céanna, agus, má mholtar rátaí éagsúla, ní mór é sin a chosaint sna nótaí seo. Ba cheart d'iarratasóirí freisin achoimre ar na míreanna atá san áireamh sna forchostais agus nóta míniúcháin ar an táille léirithe agus/nó teagmhasach má tá na línte seo curtha san áireamh.

I gcás go bhfuil an t-iarratasóir ina chraoltóir pobail nó ina ghrúpa pobail atá bainteach le táirgeadh clár, d'fhéadfadh roinnt costais chaipitiúla a bheith incháilithe le haghaidh maoinithe. Déanfar measúnú ar seo ar bhonn cás ar chás.

## 4.4 Plean Airgeadais

Ní mór an plean airgeadais a thíolacadh san airgeadra ina maoineofar formhór na táirgeachta. Mura ndéanfar an táirgeadh a mhaoiniú go príomha in Euro nó i Steirling, ní mór buiséad Euro a sholáthar freisin.

Leag amach na maoinitheoirí go léir don tionscadal faoin gcuid incháilithe agus/nó neamh-incháilithe den phlean airgeadais, de réir mar is cuí. Is féidir leis an iarratasóir a bheith ina mhaoinitheoir don tionscadal freisin. Luaigh go soiléir méid iomlán an mhaoinithe atá á lorg agat ón Scéim agus ríomh é mar chéatadán den Chostas Incháilithe iomlán. Caithfidh an méid iomlán sa phlean airgeadais an méid iomlán sa bhuiséad a léiriú. Ní féidir leis an Scéim breis is 95% de na costais incháilithe a mhaoiniú, agus ní féidir léi aon chostais neamh-incháilithe a mhaoiniú. Níl 95% ar fáil ach amháin i gcás tionscadal teilifíse a bhfuil buiséad iomlán incháilithe comhionann le, nó níos lú ná, €50k. Féach Mír 3.1.10 thuas le do thoil chun sonraí a fháil ar na maitrísí maoinithe atá i bhfeidhm.

Sa tábla um Chaiteachas Críche, deimhníonn iarratasóirí go gcaithfear íoschéatadán áirithe den bhuiséad iomlán nó den deontas iomlán ar chríoch áirithe. Tá an céatadán caiteachais, agus caiteachas críche difriúil ag brath ar cibé an bhfuil an deontas níos mó nó níos lú ná 50% den bhuiséad iomlán. Féach le do thoil ar Mír 3.1.8 thuas le haghaidh sonraí agus comhlánaigh an tábla cuí mar a threoraigh an fhoirm Iarratais.

## 4.5 Litir Tiomantais ó Chraoltóir

Ní mór do litreacha tiomantais ó chraoltóir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

- Ní mór é a bheith socraithe ar pháipéar ceannteidil an chraoltóra, dáta le déanaí, agus sínithe ag an gcraoltóir.
- Caithfidh sé tagairt a dhéanamh do theideal thionscadal an iarratasóra.
- Ba chóir go léireodh sé an cainéal ar a gcraolfar an clár.
- Ba chóir go mbeadh sé tiomanta do chlár, nó do shraith clár, a chraoladh ag buaic-amanna (féach mír 3.1.5 le haghaidh sainmhínithe ar bhuaic-amanna).
- Caithfidh sé gealltanas a thabhairt go gcraolfar an clár nó an tsraith leis na seirbhísí rochtana cuí m.sh., fotheidealú (do chláir teilifíse amháin).
- I gcás cláir a bheith á seachadadh le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann nó le Clostuairisc, ba chóir go leagfaí amach gealltanais maidir leis an gcraoladh sin.
- Ba chóir go ndeimhneodh sé aon ghealltanas airgeadais atá le soláthar ag an gcraoltóir, más infheidhme.
- Ba chóir go ndearbhódh sé aon tiomantas don Chéad Phrionsabal Digiteach ón gcraoltóir, más infheidhme; agus
- Ba chóir go ndeimhneodh sé go bhfuil an craoltóir incháilithe faoin Scéim (féach mír 3.1.5 le haghaidh incháilitheachta craoltóra).

**Má chuirtear litir chuig craoltóir mar chuid d'iarratas agus mura gcomhlíonann sí na ceanglais atá leagtha amach thuas, coimeádann An Coimisiún an ceart chun diúltú don iarratas ag an gcéim réamh-mheasúnaithe.**

Mar atá leagtha amach i gcuid 3.1.5, i gcás na dtionscadal Beochana agus Drámaíochta amháin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le litir ghealltanais ón gcraoltóir ag céim an iarratais. **Sa chás áirithe seo, ní mór don iarratasóir léiriú a thabhairt ar an gcineál craoltóra atá beartaithe don chlár**

## 4.6 Deimhniú Tiomantais ó Mhaoinitheoirí Eile / Deimhniú go bhfuil maoiniú eile daingnithe

Má tá páirtithe eile seachas an Coimisiún agus an t-iarratasóir ag moladh maoiniú a chur ar fáil don tionscadal, ní mór dearbhú tiomantais a bheith san áireamh san iarratas. Ní mór go léireofar go bhfuil 85% den mhaoiniú atá riachtanach chun an tionscadal a chur i gcrích daingnithe. Tá sé ar leas an iarratasóra a chinntiú go léirítear go soiléir gach maoiniú atá geallta.

**Ba chóir go léireodh iarratais go bhfuil ar a laghad 85% den mhaoiniú a theastaíonn chun an tionscadal a dhéanamh daingnithe, féach thíos na treoirlínte ar litreacha maoinithe agus cad atá ag teastáil chun a léiriú go bhfuil maoiniú "slánaithe".**

**Mura léirítear go bhfuil ar a laghad 85% den mhaoiniú urraithe ag an am a chuirtear an t-iarratas isteach, forchoimeádann An Coimisiún an ceart an tionscadal a lascainiú ón bpróiseas iarratais.**

**Chun críocha cistiú urraithe a ríomh, féadfaidh iarratasóirí an méid a iarrtar ón gCoimisiún a chomhaireamh mar rud atá urraithe ar an mbonn nach n-iarrtar níos mó ná €500,000.**

Ní mór do thionscadail a bhíonn ag brath ar mhaoiniú ó dhlínsí iolracha (mar shampla. comhléiriúcháin idirnáisiúnta) deimhniú leordhóthanach a sholáthar freisin go bhfuil maoiniú faighte de réir na dtreoracha thuas ó mhaoinitheoirí molta. Ba cheart gach litir ghealltanais maoinithe a sholáthar i nGaeilge nó i mBéarla amháin ó gach maoinitheoir.

**Treoracha le haghaidh litreacha maoinithe:**

- Ba cheart litreacha maoinithe a bheith ar pháipéar ceannteidil.
- Ba cheart don litir a bheith i nGaeilge nó i mBéarla. Mura bhfuil an comhaontú ar fáil i gceachtar teanga, ba chóir aistriúchán nó forléargas ar an doiciméad a chur ar fáil i mBéarla nó i nGaeilge.
- Ba chóir a léiriú go leordhóthanach go mbeidh an litir tacaíochta bailí go dtí go mbeidh an Babhta daingnithe ag an gCoimisiún.
- Go ginearálta is ba chóir go mbeadh litreacha maoinithe sínithe agus dátaithe laistigh de thrí mhí ó spriocdháta an bhabhta ábhartha.
- Ba cheart a ainm an togra a lua sa litir, agus deimhniú a thabhairt (i) faoin méid tacaíochta atá á cur ar fáil, (ii) cathain a chuirfear an tacaíocht ar fáil (iii)agus/nó aon choinníollacha a ghabhann leis an tacaíocht sin.
- Má tá maoiniú á chur ar fáil ag an gcraoltóir tacaíochta ba chóir an maoiniú seo a ghealladh sa litir tacaíochta ón gcraoltóir.

- Níl litreacha maoinithe  éigeantach ach in éagmais a leithéid de chomhfhreagras forchoimeádann An Coimisiún an ceart glacadh leis sa mheasúnú nach bhfuil an tacaíocht sin deimhnithe cé go bhféadfadh sé a bheith luaite ar liosta de rudaí atá deimhnithe in áit eile san iarratas.
- Muna léirítear go bhuil méid suntasach maoinithe deimhnithe mar mhaoiniú urraithe.(níos mó ná 15% de na costais incháilithe)féadfaidh go mbainnfear d'iarratas den  phróiseasiarratais
- Ní ghlacfar le doiciméadú mar dhréacht/gan síniú ó mhaoinitheoirí mar fhianaise tacaíochta.
- Ní mheastar gurb ionann deimhniú maoinithe a fuarthas roimhe seo ó eagraíocht ar nós maoiniú forbartha, mar dheimhniú ar mhaoiniú léiriúcháin amach anseo ón eagraíocht sin.
- Ní mheastar ach go bhfuil litreacha ó mhaoinitheoirí ionchasacha ag dearbhú go bhfuil iarratasóir i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú mar dheimhniú leordhóthanach ar mhaoiniú.
- Ní mheastar litreacha ó chomhpháirtithe comhléirithe a dhearbhaíonn go mbeidh siad in ann maoiniú a fháil mar dhearbhú leordhóthanach maoinithe.
- Ní gá comhaontuithe foirmiúla comhléirithe, ach d'fhéadfadh siad a bheith úsáideach agus is féidir iad a chur san áireamh i gCeist 7: Litreacha nó Comhaontuithe Tiomantais ó Mhaoinitheoirí Eile.
- Má chuirtear níos mó ná dhá litir nó comhaontú isteach, tabhair liosta/nó innéacs de na doiciméid san ord ina dtagann siad san fhoirm.
- Déan cinnte go bhfuil na litreacha a chuirtear ar fáil le feiceáil go soiléir ina n-iomláine agus go bhfuil siad léite go héasca nuair a chuirtear isteach sa fhoirm iarratais iad.

## 4.7 Beathaisnéisí agus Deimhniú Tiomantais ó Phríomhphearsanra

Tá próifíl ghairmiúil nó beathaisnéis a leagann amach a dtaithí ábhartha éigeantach le haghaidh pearsanra lárnach. **Ná tabhair a CVanna, le do thoil.** B'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh litreacha nó ríomhphoist tiomantais ó phearsanra lárnach a sholáthar freisin i gcás go bhféadfaí a bheith den tuairim gur deacair iad a fháil mar rannpháirtithe. Má d'oibrigh aon phríomhphearsanra ar thionscadail Fuaim & Fís roimhe seo d'eintitis chonarthacha eile ba cheart an fhaisnéis seo a chur san áireamh sa bheathaisnéis a chuirtear isteach do na daoine sin.

**Tabhair faoi deara nár chóir sonraí pearsanta a sholáthar ach má chreideann tú go bhfuil siad riachtanach chun an tionscadal a mheasúnú**. Dá réir sin, má chuirtear aon sonraí pearsanta san áireamh ba cheart an fhaisnéis sin a áireamh sa cheangaltán dar teideal Faisnéis faoi Rún is féidir a uaslódáil ar do thaifead iarratais ar www.cnamonline.ie .

## 4.8 Daoine Cruthaitheacha Lárnacha / Rannpháirtithe Lárnacha

Ba cheart deimhniú Tiomantais ó Dhaoine Cruthaitheacha Lárnacha agus ó Rannpháirtithe Lárnacha a chur isteach freisin más cuí.  Moltar d'iarratasóirí litreacha tiomantais a sheoladh isteach ó Dhaoine Cruthaitheacha agus ó Rannpháirtithe Lárnacha atá riachtanach chun an togra a sholáthar agus/nó a bhfuil sé deacair deimhniú a thabhairt ina leith.  Ba cheart go mbeadh an t-ábhar sin ar aon dul leis an ábhar atá liostaithe i Sonraíocht an Chláir atá leagtha amach i d'iarratas.  Tabhair faoi deara in éagmais a leithéid de chomhfhreagras go bhforchoimeádann An Coimisiún an ceart glacadh leis sa mheasúnú nach bhfuil rannpháirtíocht na ndaoine sin deimhnithe cé go bhféadfadh sé a bheith luaite ar liosta de rudaí atá deimhnithe áit eile san iarratas.

Tabhair faoi deara nár chóir sonraí pearsanta a sholáthar ach má chreideann tú go bhfuil siad riachtanach chun an tionscadal a mheasúnú. Dá réir sin, má chuirtear aon sonraí pearsanta san áireamh ba cheart an fhaisnéis sin a áireamh sa cheangaltán dar teideal Faisnéis faoi Rún is féidir a uaslódáil ar do thaifead iarratais ar www.cnamonline.ie .

## 4.9 Cláracha Faisnéise, Oideachais nó Siamsaíochta: Oird Reatha Tháscacha

Ba chóir duit oird reatha tháscacha a chur san áireamh. Is féidir leis seo cabhrú go mór le measúnú d'iarratais. I gcás sraith le heipeasóid iolracha, ba chóir ord reatha táscach amháin ar a laghad a chur isteach, mar aon le hachoimrí ar na cláir eile go léir. Moltar scripteanna freisin do fhormáidí eile, m.sh. cláir faisnéise ina bhfuil gné láidir dhrámaíochta. Is féidir scripteanna scannánaíochta a chur san áireamh chomh maith.

## 4.10 Formáid Dramaíochta: Scriptanna agus Imlínte

Caithfear script a sholáthar do thionscadail drámaíochta scannáin. Maidir le sraith dhrámaíochta, ní mór d'iarratais script amháin ar a laghad a chur san áireamh, **mar aon le hachoimrí ar na cláir eile go léir.** Féadfar Bíoblaí Sraithe a chur san áireamh chomh maith.

Ní mór do na scripteanna a bheith sa teanga ina gcraolfar an clár.

## 4.11 Formáid Bheochaine: Saothar Ealaíne, Ábhar Closamhairc, Scripteanna & Imlínte

Ní mór d'iarrthóirí achoimrí mionsonraithe ar gach eipeasóid a sholáthar. Moltar scripteanna. Ní mór saothair bheochana a áireamh in iarratais ar chláir bheochana. Mura féidir é seo a áireamh san iarratas mar gheall ar uasmhéid chomhad an iarratais, is féidir le hiarratasóirí nasc a chur ar fáil chuig príomhshaothar ealaíne a mbeifear in ann rochtain a fháil air ar an idirlíon. Is ar phriacal na n-iarratasóirí féin atá sé seo. Má tá aon deacrachtaí rochtain a fháil ar an ábhar, níl sé de dhualgas ar an gCoimisiún teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir ina leith. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart gan breathnú ar aon ábhar nár cuireadh isteach ar an bhFoirm Ar Líne ná ar an bhFoirm Iarratais agus gan measúnú a dhéanamh air.

## 4.12 Ábhar Tacaíochta Closamhairc

Féadfar nasc le hábhar tacaíochta closamhairc a chur san áireamh san iarratas má chreideann an t-iarrthóir go gcabhróidh sé le tuiscint an togra. Sa chás seo, féadfar naisc sheachtracha a chur ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar. Measfar go bhfuil an t-ábhar seo forlíontach leis an iarratas agus níl aon dualgas ar an gCoimisiún é a úsáid agus an t-iarratas á mheas. Cuir focal faire don nasc san áireamh más gá. **Ní féidir linn glacadh le naisc a éilíonn seoladh ríomhphoist chun rochtain a fháil.**

## 4.13 An Prionsabal 'Pictiúrlann ar dTús'

Más mian le hIarratasóir scannán a dháileadh sula gcomhlíontar ceanglas craolta F&F4, ba cheart é seo a leagan amach go mion san iarratas. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis an cur chuige i leith na heisiúna pictiúrlainne, achair ghaolmhara ama agus aon chostais ghaolmhara léiriúcháin agus ba cheart iad siúd a shainaithint go soiléir sa bhuiséad. Tá Litir Dheimhnithe an Chraoltóra fós ag teastáil ón gCoimisiún, lena n-éileofar go gcraolfaidh craoltóir incháilithe an scannán le linn an sceidil buaic-ama laistigh de 12 mhí ón gcéad eisiúint phictiúrlainne. Mar sin féin, más príomhscannán, clár faisnéise fada, dráma, nó beochan é an t-ábhar cláir, beidh an Coimisiún sásta an craoladh líneach buaic-ama a cheadú laistigh de 24 mhí ón gcéad eisiúint phictiúrlainne.

## 4.14 An Prionsabal 'Digiteach ar dTús'

Más mian le hIarratasóir ábhar closamhairc a dháileadh sula gcomhlíontar ceanglas craolta F&F4, ba cheart é seo a leagan amach go mion san iarratas. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis an cur chuige i leith na heisiúna digití, lena n-áirítear cibé acu go hiomlán nó go páirteach, aon chomhpháirtíochtaí/mhaoinitheoirí gaolmhara, aon achair ghaolmhara ama, agus ba cheart aon chostais ghaolmhara léiriúcháin a shainaithint go soiléir sa bhuiséad. Tá Litir Dheimhnithe an Chraoltóra fós ag teastáil ón gCoimisiún, ar cheart gealltanas scríofa don phrionsabal 'Digiteach ar dTús' a bheith san áireamh inti, agus lena n-éileofar go gcraolfaidh craoltóir incháilithe an t-ábhar closamhairc le linn an sceidil buaic-ama laistigh de 12 mhí ó cuireadh an t-ábhar ar fáil don Chraoltóir. Mar sin féin, más príomhscannán, clár faisnéise fada, dráma, nó beochan é an t-ábhar cláir, beidh an Coimisiún sásta an craoladh líneach buaic-ama a cheadú laistigh de 24 mhí ó cuireadh an t-ábhar chuig an gCraoltóir.

## 4.15 Intleacht Shaorga

Chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn á n-úsáid ag táirgeoirí inneachair, táimid ag fiafraí d'iarratasóirí faoi úsáid uirlisí intleachta saorga (IS) i bhforbairt a gcuid smaointe tionscadail nó in ullmhú a n-iarratas ar mhaoiniú. Tabhair faoi deara nach mbeidh aon tionchar ag soláthar na faisnéise sin ar an gcaoi a ndéantar d'iarratas a mheasúnú sa bhabhta seo.
.

## 4.16 Inbhuanaitheacht: Áirimh Charbóin

Is áireamhán carbóin é "albert" a ligeann duit lorg carbóin do léirithe a ríomh, rud a chuireann ar do chumas tionchar do léirithe a fheiceáil. Chun tuiscint a fháil ar na bearta inbhuanaitheachta, más ann dóibh, atá i bhfeidhm ar do thionscadal, táimid ag iarraidh ar iarrthóirí cur síos a dhéanamh orthu seo san Fhoirm Iarratais. Táimid ag lorg eolais freisin maidir le conas atá an t-áireamhán "albert" á úsáid ag iarrthóirí le linn an léirithe. Tá tuilleadh eolas faoi anseo.

## Aguisín 1 – Maitrís Scórála Réamhmheastóireachta

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.1, foráiltear le F&F4 go gcaithfidh iarratasóir agus an t-iarratas roinnt critéar a chomhlíonadh chun a bheith cáilithe le haghaidh measúnú i leith maoiniú a dhámhachtain. Ba chóir don iarratasóir a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, mura mbainfidh sé nó sí scór Pas amach faoi gach critéar, nach mbeidh an t-iarratas incháilithe le haghaidh measúnú chun maoiniú a dhámhachtain.

| *CRITÉAR* | | *Pas / Teip* |
|---|---|---|
| **Incháilitheacht:** An bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi F&F4 agus an gcomhlíonann an t-iarratas buncheanglais F&F4? An mbaineann seo leis an gceist:: | a) an gcomhlíonann stádas an iarratasóra ceanglais na scéime | |
| | b) an bhfuil an téama, an teanga, an fhormáid agus seánra a mholtar i gcomhair an chláir i gcomhréir leis an téama, an teanga, an bhformáid agus an seánra a cheadaítear faoi F&F4 | |
| | c) an bhfuil an méid maoiniúcháin atá á iarraidh ag teacht laistigh de na ceaduithe teorann faoi F&F4 | |
| | d) ag glacadh leis go bhfuil an méid a iarrtar ón gCoimisiún slán, léirítear go bhfuil 85% ar a laghad den mhaoiniú iomlán a theastaíonn chun an tionscadal a chur le chéile slán | |
| | e) sholáthair an t-iarratasóir dearbhú nár cuireadh tús leis an leiriúcháín sular cuireadh an t-iarratas faoi bhráid F&F | |
| | (f) chuir an t-iarrthóir dearbhú ar fáil nach raibh an léiriú tosaithe roimh an iarratas chuig S&V4 a chur isteach. | |
| | (g) Lena n-áirítear ach amháin tionscadail bheochana agus drámaíochta atá ag lorg níos lú ná 50% de na costais léirithe incháilithe, léirítear go bhfuil craoltóir incháilithe deimhnithe | |
| ***Breisluach:*** An bhfuil dearbhú curtha ar fáil ag an iarrthóir go bhfuil an t-ábhar cláir beartaithe nua agus go mbeadh sé deacair é a léiriú gan maoiniú ó S&V4? | | |
| An bhfuil an tIarratas iomlán, agus an bhfuil an t-iarrthóir tar éis cloí le gach treoir i ndáil leis an iarratas agus na doiciméid ábhartha go léir a chur isteach? (Áirítear leis seo litir dheimhnithe ó chraoltóir chun an clár a chraoladh, agus léiriú soiléir go bhfuil leibhéal leordhóthanach maoinithe daingnithe). | | |

*Is ionann scór pas a bhaint amach sa chéim cháiliúcháin agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an t-iarratas incháilithe lena bhreithniú chun maoiniú a dhámhachtain, agus é sin amháin. Má mheastar go bhfuil an t-iarratas incháilithe, tabharfar neamhaird ina dhiaidh sin ar an scór pas a bronnadh le linn na céime cáiliúcháin agus ní bheidh aon ról aige i mbreithniú na n-iarratas ar mhaoiniú is oiriúnaí, is rud a chinnfear faoi threoir na gcritéar atá leagtha amach i ndoiciméid treorach F&F4 (féach Aguisíní 2 agus 3), agus faoina dtreoir sin amháin.*

## Aguisín 2 – Maitrís Scórála Cáilíochtúil

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.2, déantar socrú le F&F4 chun breithniú a dhéanamh ar iarratas ar mheasúnú i leith maoiniú a dhámhachtain má bhaineann iarratas pas amach sa Chéim Réamh-mheastóireachta. Sa chéad chéim mheasúnaithe eile sin, an Chéim Mheasúnaithe Cháilíochtúil, bunófar painéil mheasúnaithe déanta suas de baill foirne Coimisiún na Meán agus measúnóirí seachtracha atá cáilithe go cuí. Déantar gach iarratas a mheasúnú go neamhspleách ag measúnóirí seachtracha ag úsáid na gcritéar leagtha amach thíos, agus ansin tionóltar cruinniú den Phainéal chun gach iarratas a phlé agus teacht ar chomhthuiscint maidir leis an measúnú agus an scór a baineadh amach do gach iarratas. Caithfidh iarratasóir íosmhéid de 50% a fháil faoi gach critéar éigeantach chun cáiliú le haghaidh breithniú ar dhámhachtain maoinithe. Leagtar amach na critéir cháilíochtúla do Bhabhta 58 thíos.

| *CRITÉIR ÉIGEANTACHA* | *Scór ar Fáil* |
|---|---|
| ***Breisíocht, Luach Cultúir & Nuálaíocht:*** *Cé chomh maith agus a chuireann ábhar an chláir/na gclár le raon na ndeiseanna féachana nó éisteachta le haghaidh lucht féachana agus éisteachta in Éirinn? Cé chomh maith agus a théann an togra i ngleic le héagsúlacht in ábhar an togra? Ina leith seo, an molann an t-iarratas gnéithe de chultúr, sochaí, pobail nó muintir na hÉireann nach léirítear go minic a léiriú? Cé chomh spreagúil agus nuálach agus atá an t-iarratas maidir le cur i láthair an chláir agus an cur chuige maidir le táirgeadh an chláir? Ar thaispeáin an t-iarratasóir aon ghné nuálach eile maidir leis an togra mar shampla, Digiteach ar Dtús a chur san áireamh?*<br><br>*Maidir le hIarratasóirí a bhaineann le Craoltóirí Pobail, cé chomh maith agus a chuireann an togra le réimse na ngrúpaí nó na ndaoine aonair atá páirteach go gníomhach sa stáisiún? An gcuimsítear leis an togra clár a dhéanamh trí ghrúpa pobail nach mbíonn rannpháirteach rómhinic, agus/nó nach gcloistear rómhinic sna meáin? An dócha go dtiocfaidh forbairt as sin ar thuiscint níos fearr, agus rannpháirtíocht i dtáirgeadh agus i scaipeadh ábhar an chraolta?* | **50** |
| ***Caighdeán an Iarratais:*** *Cé chomh maith agus a léiríonn an togra go gcuirfidh sé cruthú an ábhair bhaintigh go cultúrtha chun cinn do lucht féachana na hÉireann agus aidhmeanna agus cuspóirí na hÉireann de Fhuaim agus Fís 4 a chur chun cinn? An dtaispeántar go soiléir sa togra ó thaobh ábhair, cur chuige agus próiseas léiriúcháin de go mbeidh an clár/na cláir ar ardchaighdeán? Ar thug an t-iarratasóir aon chomhpháirtíochtaí chun críche, cibé acu foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, le tríú páirtithe ábhartha? Má thug, le déantóir cláir nó le déantóirí clár, cén tairbhe a thabharfaidh sé don phróiseas déanta clár agus don ábhar cláir dá réir? Cuntas teiste an Iarratasóra ag a bhfuil iarratais nó conarthaí déanta ar Fhuaim & Fís roimhe seo san áireamh?*<br>*Maidir le hiarratasóirí atá bainteach le Craoltóirí Pobail, cén feabhas a chuirfidh sé ar thorthaí tairbhe sóisialta de chuid an tionscadail (lena n-áirítear maidir le héagsúlacht níos fearr, rannpháirtíochtaí pobaill agus cuimsiú sóisialta)?* | **30** |
| ***Acmhainní agus Cás a rinneadh ar son maoinithe:*** *An bhfuil na hacmhainní atá molta mínithe go soiléir, agus an leor agus réalaíoch iad i gcomhthéacs an togra? An mínítear sa bhuiséad agus sna nótaí buiséid cén fáth a bhfuil gá le línte costais ar leith agus a bhfuil call leo i gcomhthéacs an chláir atá beartaithe? An léiríonn an togra luach ar airgead agus an bhfuil an méid maoinithe a iarrtar ar an gCoimisiún réadúil? An mbeadh sé deacair an tionscadal a dhéanamh gan tacaíocht ón gCoimisiún? Cad é an leibhéal riachtanais atá* | **20** |

| | |
|---|---|
| *leis an maoiniú seo? Tabharfar aird ar mhaoiniú atá leithdháilte cheana féin ar an iarratasóir ag Fuaim & Fís.*<br><br>*An bhfuil aon chomhpháirtíochtaí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla tugtha chun críche ag an iarratasóir le tríú páirtithe ábhartha? Má tá, le comh-infheisteoir, cén leibhéal comh-infheistíochta atá i gceist, cén leibhéal feabhsaithe a thabharfaidh sé don tionscadal agus an gcuirfidh sé giaráil níos mó ar fáil do mhaoiniú an Choimisiúin? Má tá an tIarratasóir ag páirtmhaoiniú an tionscadail, an bhfuil an méid a luaitear ag teacht uathu réadúil?*<br><br>*Teist an Iarratasóra agus an phríomhphearsanra a bhfuil baint acu leis an tionscadal, lena n-áirítear sonraí tacaíochta ar nós CVanna mar atá leagtha amach san iarratas agus an bhfuil cumas seachadta léirithe ag an iarratasóir?* | |

## Aguisín 3 – Maitrís Scórála Straitéiseach

Mar a leagtar amach thuas in alt 3.3, déantar socrú le F&F4 maidir le céim Mheasúnaithe Straitéisigh inar mó líon na n-iarratas cáilitheach ón gCéim Mheasúnaithe Cháilíochtúil ná an leibhéal maoinithe atá ar fáil. Maidir leis sin de, ceanglaítear mar chuid den Chéim Mheasúnaithe Straitéisigh scrúdú breise a dhéanamh ar leithdháileadh cistí. Caithfidh An Coimisiún a bheith feasach ar chothromaíocht an mhaoinithe ar fud na meán craolacháin; ó thaobh teanga; formáide agus seánraí; an lucht féachana agus éisteachta ar a bhfriotháiltear; agus aon chritéar straitéiseach ar leith arna leagan síos ag an gCoimisiún, mar shampla, mná i bpríomhról cruthaitheach.

| *CRITÉIR STRAITÉISEACHA* | *Scór ar Fáil* |
|---|---|
| **Éagsúlacht na bhFormáidí, Seánraí, Ábhar agus an Lucht Féachana a bhfreastalaítear air:** Chun a chinntiú go dtáirgtear ábhar atá bainteach go cultúrtha, ní mór sciar dháileadh an mhaoinithe ar fud na bhformáidí, seánraí agus luchta féachana ceadaithe a bhaint amach. Tabharfar aird ar an éagsúlacht in ábhar an chláir bheartaithe, lena n-áirítear comhionannas agus cuimsiú inscne. | *70* |
| **An Ghaeilge:** Ní mór d'Coimisiún na Meán a chinntiú go mbronntar 25% den mhaoiniú bliantúil ar Chlársceidealú Gaeilge / dátheangach. Bronntar an scór má thaispeántar gurb í an Ghaeilge ar a laghad 30% den teanga a úsáidtear sa chraolachán críochnaithe. | *10* |
| **Forbairt Tallainne agus Scileanna:** An dtugann an t-iarratas deis ar fáil maidir le forbairt na tallainne nó na scileanna, go háirithe daoine lena dtaispeántar éagsúlacht cultúr agus éagsúlacht eitneach na hÉireann agus an leor an leibhéal tacaíochta? Nó an leor an méid deiseanna a chuireann an t-iarratasóir ar fáil chun tallann agus/nó scileanna a fhorbairt? | *10* |
| **Mná i bPríomhról Cruthaitheach:** A mhéid a chuirtear mná san áireamh i ról na ceannaireachta san fhoireann chruthaitheach. | *10* |
| **Scór Measúnaithe Cháilíochtúil:** An scór mar a bhronnann an Painéal Measúnaithe Cháilíochtúil | -- |